




Tuarascáil Bhliantúil 2014

TG4



TG4 Tuarascáil Bhliantúil 2014

Misean, Fís agus Croíluachanna	3
Gealltanais TG4 do 2014	5
Buaicphointí Feidhmíochta TG4 sa bhliain 2014	9
Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile	21
Tuarascáil an Chathaoirligh	22
Tuarascáil an Ardstiúrthóra	25
Rialachas Corparáideach	29
Athbhreithniú Airgeadais 2014	30
Ráitis Airgeadais	31-50



Misean, fíis agus croíluachanna

Cuireann TG4 roimhe “seirbhís mhealltach teilifíse agus ábhar nuálach Gaeilge a chur ar fáil lena ndéantar ceiliúr-adh ar chruthaitheacht agus ar shaoithiúlacht na hÉireann – teanga, cultúr, ceol agus spórt – agus iad curtha i láthair go tarraingteach d’fhonn caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain”.

Is í an fhís atá ag TG4 “an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn chun áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear”.

Tá achomre ar fhís agus ar mhisean TG4 le fáil i mana TG4, *súil eile*, ar mana é a thugann aitheantas don ghá le cloí le cláir phríomhshrutha nideoige trí chlár ardchaighdeán a choimisiúnú/fháil agus a chraoladh, is é sin le rá, cláir atá in ann a bheith san iomaíocht le haghaidh leibhéil ard lucht féachana agus atá in ann na leibhéil arda sin a bhaint amach agus a choimeád ar bun.

Téann luachanna TG4 i gcion ar an tslí ina mbainfear an straitéis sin amach agus dá réir ar a stíl. Tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcoilár shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go ndéanfaidh gach fostaí de chuid TG4 na luachanna sin a úsáid mar threoirphrionsabail trína stiúrfar a n-iompraíocht le linn dóibh a bheith ag obair.

Croíluachanna TG4

Ceangal:

- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanamid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Caighdeán agus luach ar airgead:

- Sceideal clár ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

Cruthaitheacht:

- A bheith cruthaitheach ins an aschur agus i ngach ní a dhéanaimid.
- Leanúint de chlár nuálacha uathúla a chur ar fáil.

Réamhghníomhach:

- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.

“TG4 continues to impress with some really interesting innovative programming.”

Marketing Magazine





Gealltanais TG4 do 2014

I dtaca leis an mbliain 2014, chuir TG4 17 gealltanais chun cinn maidir le cúig théama mar a leanas:

- i An lucht féachana – tionchar agus an líon daoine atá ann
- ii Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht
- iii An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt
- iv Trédhearcacht agus éifeachtúlacht
- v Iontaoibh agus dea-rialachas

An lucht féachana – tionchar agus an líon daoine atá ann

Sa bhliain 2014, déanfaidh TG4 mar a leanas:

1. Méadú ar an líon daoine i lucht féachana TG4 i measc úsáideoirí Gaeilge agus i measc an lucht féachana teilifíse ar fad a áirithiú.
2. Méadú a bhaint amach ar an teagmháil idir an lucht féachana agus TG4 sna príomhardáin meán go léir.
3. Féachaint le freastal ar riachtanais ár lucht féachana agus a chinntiú go ndíríonn TG4 ar na nithe a mbíonn daoine ag súil leo.
4. Rochtain ar chlár agus ar sheirbhísí TG4 a mhéadú dóibh sin sa lucht féachana a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach nó intleachta orthu.

Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht

Sa bhliain 2014, déanfaidh TG4 mar a leanas:

5. Clár ardchaighdeán de chineál “nach mór iad a fheiceáil” a chur ar fáil i seánraí tosaíochta TG4, agus saintréith *súil eile* ag baint leo.
6. Leanúint de chroisceideal craolacháin Gaeilge TG4 a leathnú agus 1,710 n-uaire an chloig ar a laghad de chlár nua Gaeilge a chur ar fáil.
7. Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht agus i gcórais chun tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht.

An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt

Sa bhliain 2014, déanfaidh TG4 mar a leanas:

8. Seirbhís dhomhanda clár Gaeilge a chur ar fáil ar seirbhís í trína ndéantar an Ghaeilge agus féiniúlacht na hÉireann a chur chun cinn agus a cheiliúradh.
9. Tionchar dearfach a imirt ar an bhfeasacht faoin nGaeilge agus faoi chultúr na hÉireann agus ar fhorbairt na nithe sin.
10. Leanúint de dhaoine óga sa lucht féachana a chur i dteagmháil leis an nGaeilge agus le TG4.

“TG4 has forged an excellent reputation for documentaries that are artful, contemplative and – most important.”

IRISH INDEPENDENT





11. Tacú leis an Rialtas chun an Ghaeilge a athbheochan trí oibriú go dlúth leis ar chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge (2010 – 2030).



12. Príomhról a ghlacadh i ndáil le tacú leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge. Feabhas a chur ar chumas na hÉireann maidir leis na hearnálacha cruthaitheacha eolas-bhunaithe agus rannchuidiú mór a dhéanamh le fostaíochta agus le tuilleamh.

Trédhearcacht agus éifeachtúlacht

Sa bhliain 2014, déanfaidh TG4 mar a leanas:

13. 70% ar a laghad de mhaoiniúcháin poiblí TG4 a chaitheamh ar chlár Ghaeilge agus gan níos mó ná 15% a chaitheamh ar chúrsaí craolacháin agus ar fhorhostais. Úsáid an mhaoiniúcháin phoiblí a theorannú do bhaint amach ár gcuspóirí agus ár ndualgais seirbhíse poiblí.
14. Leanúint de bheith ag oibriú ar an mbealach is cost-éifeachtaí agus is féidir agus luach ar airgead a sholáthar.
15. Tuairim is €3.1m d'ioncam tráchtála a aimsiú agus gach deis tráchtála a uasmhéadú



“It’s in the area of drama that TG4 has really punched above its weight.”

THE HERALD

Iontaoibh agus Dea-Rialachas

Sa bhliain 2014, déanfaidh TG4 mar a leanas:

16. Córais dea-chleachtais, ó thaobh rialachais agus tuairiscithe de, a choimeád ar bun agus a chinntiú go gcomhlíonann TG4 na cóid agus na rialacháin cheangailteacha go léir ar fúthu a oibrímid.
17. Na ceanglais seirbhíse poiblí agus reachtúla a bhaineann linn a chomhlíonadh de réir mar atá leagtha amach inár gcuid cuspóirí agus inár ráiteas seirbhíse poiblí agus de réir mar atá leagtha amach i ngach cód agus rialachán craolacháin.





Buaicphointí Feidhmíochta TG4 in 2014

Feidhmíocht i gcomparáid le Spriocanna

Sa bhliain 2014, lean an brú ar TG4 ó thaobh cúrsaí airgeadais de ach, dá ainneoin sin, d'fheidhmigh sé go maith i gcomparáid leis na gealltanais a bhí tugtha aige:

- Chomhlíon TG4 go hiomlán 15 cinn de na 17 gealltanais a bhí tugtha aige agus chomhlíon sé an dá cheann eile beagnach go hiomlán.
- Sháraigh TG4 ceithre cinn de na gealltanais a thug sé maidir le figiúirí intomhaiste lucht féachana agus airgeadais an sprioc feidhmíochta agus ba thoradh iontach é sin i bhfianaise na timpeallachta deacra airgeadais.

An Lucht Féachana:

Tionchar agus an Líon Daoine a bhí ann

Choimisiúnaigh TG4 córas tomhais nua, Fios Físe, chun cainníochtú a dhéanamh ar an líon cainteoirí Gaeilge i lucht féachana TG4. Bunaíodh an córas sin i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Painéal neamhspleách trédhearcach atá ann agus déanann sé tomhas ar fheidhmíocht TG4 i measc an lucht féachana i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Ba í an bhliain 2014 an chéad bhliain iomlán ina ndearnadh tomhas ar an líon úsáideoirí Gaeilge sa lucht féachana agus bhí feidhmíocht láidir ag TG4 i dtaca lena chroí-lucht féachana de. Sa bhliain 2014, d'fhéach 93% de na húsáideoirí Gaeilge sin ar TG4 in aghaidh na seachtaine.

Rinneadh ráta sástachta an lucht féachana a thomhas trí Fhios Físe freisin agus ba 79% an ráta sástachta le seirbhísí TG4.

Sa bhliain 2014, fuair TG4 sciar 12% ar an meán sa lá den lucht féachana teilifíse ar fad (lucht féachana 487.8k duine ag breathnú ar an mbealach teilifíse gach lá). 37% a bhí sa sciar seachtainiúil, is é sin, beagnach 1.54 milliún duine ag breathnú ar TG4 ar bhonn seachtainiúil sa bhliain

2014. Ba fheidhmíocht láidir é sin i bhfianaise margaidh atá ag éirí níos iomaíche i dtaca le lucht féachana de. Ach léiríonn na figiúirí sin laghdú ar an lucht féachana i gcomparáid le leibhéil na bliana 2013. Tháinig laghdú 7.4% ar an leibhéal laethúil sa bhliain 2014 agus tháinig laghdú 3.3% ar an leibhéal seachtainiúil. Tháinig laghdú ar lucht féachana na bpríomhbhealaí teilifíse in Éirinn, seachas 3e (nach raibh ach méadú 0.6% ann ina leith) agus is léiriú é sin ar an margadh craolacháin in Éirinn atá i bhfad níos iomaíche agus níos ilroinnte ná riamh. Dá bhrí sin, bhí feidhmíocht TG4 ar aon dul leis na mbealaí teilifíse eile agus, i gcás TG4, ba fheidhmíocht réasúnach é ós rud é gurb é an t-aon bhealach teilifíse é a chraolann trí mheán na Gaeilge.

1.8% an sciar líneach den lucht féachana a bhí ag TG4 sa bhliain 2014 agus is léiriú é sin, chomh maith, ar iomaíocht mhéadaithe sa mhargadh craolacháin teilifíse agus ar ilroinnt mhéadaithe i dtaca leis an sciar den mhargadh de bharr an líon bealaí atá ar fáil. Is é Nielsen TV Audience Share Ireland a dhéanann tomhas ar sciar TG4, rud atá fíor freisin i gcás craoltóirí eile. Maidir leis an tomhas sin ar an sciar den lucht féachana, ní áiríonn sé daoine a fhéachann ar TG4 ar ardáin dhigiteacha eile (i.e. seirbhís Sheinnteoir TG4) ná ní áiríonn sé cuid den iarfheachaint. Ina theannta sin, ní áiríonn sé sciar TG4 den lucht féachana i dTuaisceart Éireann ná a sciar i dtithe tábhairne agus i gclubanna i bPoblacht na hÉireann. I dtaca leis sin de, tá sé tábhachtach a lua go raibh méadú suntasach ann sa bhliain 2014 maidir leis an líon uaire an chloig féachana ar Sheinnteoir TG4 – méadú go 323.5 uair an chloig nó méadú 55% i gcomparáid leis an mbliain 2013. Léiríonn sé sin fás mór ar an lucht féachana a fhéachann ar TG4 trí úsáid a bhaint as seirbhísí iarfheachana.

Bhí feidhmíocht láidir ag TG4 freisin ar líne. Tháinig méadú níos mó ná 13% ar an líon cuairteoirí uathúla

“TG4’s slick thriller (Corp + Anam) about danger-seeking TV crime reporter Cathal Mac Iarnáin earned strong reviews in 2011, and this sequel should be warmly received.”

IRISH INDEPENDENT





chuig an suíomh gréasáin sa bhliain 2014, is é sin le rá, méadú go líon daoine os cionn 1.8 milliún. Tháinig méadú os cionn 27% ar an líon cuairteoirí uathúla náisiúnta chuig an suíomh gréasáin agus shroich a líon 1.13 milliún agus choinnigh an suíomh gréasáin a rangú mar uimhir 1 i dtéarmaí ranguithe domhanda na suíomh gréasáin Gaeilge i rith na bliana.

Íoslódáladh cuid mhór Aipeanna de chuid TG4, is é sin, íoslódáladh 58.6k Aip Ghaeilge i rith na bliana.

Ó tharla an t-athrú go craolachán digiteach, tá TG4 ar fáil do thuairim is 94% den daonra i dTuaisceart Éireann anois (idir tharchur trasteorann ón Phoblacht agus chraolta sa Tuaisceart féin). I dtéarmaí an líon aosach a fhéachann ar TG4, deir 21% díobh go bhféachann siad ar TG4 uair amháin ar a laghad sa mhí, féachann 9% air uair sa tseachtain agus féachann 3% air ar bhonn laethúil. Is feidhmíocht láidir é sin do TG4. Níl an líon leanaí a fhéachann ar TG4 san áireamh sna figiúirí sin mar nach n-áirítear na leibhéil sin i sonraí Oifcom.

Sa bhliain 2014, lean TG4 de dhírú ar riachtanais agus ionchais uile an lucht féachana a chomhlíonadh. Ina measc sin, áirítear nithe a bhaineann leis an sceideal craolacháin, le cláir agus le hábhar, le soláthar seirbhíse agus le forbairt clár/ábhair/seirbhísí don toadhchá. Chuaigh TG4 i mbun taighde faoi riachtanais agus ionchais an lucht féachana trí úsáid a bhaint as roinnt foinsí de chineál díreach agus de chineál neamhdhíreach, lena n-áirítear an méid seo a leanas: taighde agus suirbhéanna faoin margadh agus faoin lucht féachana, is é sin, taighde agus suirbhéanna a choimisiúnaigh TG4 nó an tionscal craolacháin; Comhairle Lucht Féachana TG4; agus teagmháil le geallsealbhóirí an tionscail. Tríd an taighde sin, faigheann TG4 fíorthuiscint ar ionchais an lucht féachana agus ar ionchais maidir le freagrachtaí seirbhíse poiblí.



Ábhar Ardchaighdeáin agus Ábhar Sainiúil

1,821.5 uair an chloig bhí in aschur iomlán TG4 sa bhliain 2014 i ndáil le cláir nua/bhunaigh Ghaeilge, is é sin le rá, 4.99 uair an chloig, ar an meán, de chláir nua Ghaeilge in

“TG4 have gone ahead and delivered An Bronntanas, an Irish-language thriller that feels years ahead of RTÉ”

DONEGAL NEWS





aghaidh an lae. 1,710 uair an chloig agus 4.68 uair an chloig, ar an meán, in aghaidh an lae na spriocanna a leag TG4 síos don bhliain 2014, rud a chiallaíonn go raibh feidhmíocht TG4 6.6% níos fearr ná na spriocanna sin.

D'ainneoin nach raibh aon mhéadú ar an maoiniúchán sa bhliain 2014, tháinig méadú 3% ar uaire an chloig Gaeilge sa bhliain 2014 i gcomparáid leis an mbliain 2013. Léiríonn sé sin na forbairtí suntasacha atá déanta ag TG4 i dtaca le seirbhís chuimsitheach craolacháin agus ábhair a sholáthar d'ainneoin na timpeallachta deacra airgeadais a bhí ann, ar seirbhís í a soláthraíodh go príomha trí mheán na Gaeilge, ní amháin anseo in Éirinn ach ar fud an chuid eile den domhan freisin.

5,112 uair an chloig a bhí sa líon uaire an chloig

craolacháin Gaeilge (nua agus athchraoladh) agus is ionann an figiúr sin agus 58.4% de na huaire an chloig craolacháin ar fad sa bhliain 2014. Tá na figiúirí sin go maith i gcomparáid le 5,188 uair an chloig sa bhliain 2013 (59% de na huaire an chloig craolacháin ar fad) agus i gcomparáid le 5,074 uair an chloig sa bhliain 2012 (58% de na huaire an chloig craolacháin ar fad). Cé gur tháinig laghdú beag ar an líon iomlán uaire an chloig de chraolachán Gaeilge sa bhliain 2014, tháinig méadú 3% ar an líon clár nua Gaeilge. Léiríonn sé sin laghdú ar líon na n-uaire an chloig i dtaca le hathchraoladh ábhair Gaeilge. Sa bhliain 2014, bhí líon na n-uaire an chloig i dtaca le craoladh ábhair Gaeilge fós go mór chun tosaigh ar na blianta 2010 agus 2011.

De bhreis ar mhéadú a dhéanamh ar mhéid an ábhair nua/bunaidh Gaeilge, tá sé de chuspóir ag TG4 infheistiúchta a dhéanamh sa chroisceideal craolacháin Gaeilge agus croisceideal 40 seachtain a sholáthar san fhadtéarma. Rinne TG4 forbairtí ollmhóra sa réimse sin sa bhliain 2014 trí 5.3 uair an chloig ar an meán sa lá d'aschur nua Gaeilge a sholáthar thar chroisceideal 34 seachtaine agus 4.4 uair an chloig ar an meán sa lá d'aschur nua Gaeilge a sholáthar sa chuid eile den bhliain. B'ionann sin is a rá gur tháinig méadú 6.3% ar an gcroisceideal craolacháin Gaeilge i dtéarmaí a líon seachtainí agus gur méadú 1% a bhí ann i dtéarmaí an mheánlíon uaire an chloig d'ábhar nua Gaeilge a craoladh sna croisheachtainí sin. Ina theannta sin, sáraíodh spriocanna TG4 don bhliain 2014.

Bhí cuid mhór clár láidir Gaeilge ann agus chuidigh



siad sin le sceideal ilchineálach siamsúil a sholáthar ar TG4 i rith na bliana 2014. Leanadh den ráchairt ar na cláir sin i measc an lucht féachana agus bhí tábhacht leo maidir leis an líon daoine i lucht féachana an bhealaigh teilifíse. Rinneadh roinnt drámaí ardchaighdeán a léiriú agus a chraoladh ar TG4 sa bhliain 2014. Craoladh *An Bronntanas*, scéinséir cúig pháirt a fuair ardmholadh ó léirmheastóirí, agus oiriúnaíodh é mar scannán lánfhada. Craoladh an dara sraith de *Corp + Anam* agus, chomh maith leis sin, lean TG4 dá shobaldráma *Ros na Rún*. Bhí éileamh an-mhaith ar an dráma grinn *Barney Bunion* i measc lucht féachana TG4 sa bhliain 2014. Léiríodh an dráma sin i nGaeltacht Dhún na nGall, ceantar a bhfuil clú air mar lárionad sármhaitheasa ó thaobh drámaí grinn teilifíse. Lean TG4 de dhíriú ar chlár faisnéise ardchaighdeán inar clúdaíodh raon leathan ábhar. Mar shampla: *Dialann ón gCogadh Mór*, sraith clár faisnéise ocht n-uaire an chloig a cóiríodh le hábhar nua Gaeilge chun comóradh a dhéanamh ar an gCéad Chogadh Domhanda; *Ar Intinn Eile* inar soláthraíodh scrúdú forleathan ar thinneas meabhrach in Éirinn agus ar an gcóireáil atá curtha ar fáil le 300 bliain anuas; agus, de bheis orthu sin, bhí *Cluain Tarbh* agus *Áille an Uafáis*, gan trácht ar chlár eile.

Neartaigh na cláir sin agus cuid mhór clár eile clú TG4 i ndáil le cláir ardtionchair faisnéise a chraoladh. Bí cúrsaí spóirt go mór chun tosaigh i gcónaí i sceideal TG4 i rith na bliana 2014. Tá sé d'aidhm ag TG4 dul i dteagmháil le cainteoirí Gaeilge nach bhfuil an-líofa agus le daoine nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Is modh é an spórt trínar féidir sin a bhaint amach. I rith na bliana, d'aontaigh TG4 socrú nua trí bliana le CLG agus rinneadh beochraoladh ar chluichí CLG, is é sin le rá, ag an dara agus an tríú leibhéal, Craobh na Mionúr agus Craobh faoi 21 san Iománaíocht agus sa Pheil, an tSraith Náisiúnta, Peil na mBan agus Comórtas Peile na Gaeltachta. Chomh maith leis sin, rinne TG4 an cluiche Rialacha Idirnáisiúnta idir Éire agus an Astráil a chraoladh beo ó Melbourne san Astráil, rinneadh beochraoladh ar chluichí rugbaí an Guinness Pro 12, chomh maith le Buaicphointí na Champions agus an Challenge Cup a chraoladh, agus rinneadh beochlúdach ar Chorn Domhain Rugbaí na mBan. Lean TG4 den Seó Spóirt ar clár tráchtareachta stiúideo-bhunaithe é a chlúdaíonn Cluichí Gaelacha agus rugbaí.

Feidhmíonn *Nuacht TG4*, arb é clár nuachta lár-thráthnóna an bhealaigh é, mar chuid sheasta den sceideal clár laethúil agus comhlánaítear é le plé níos mionsonraithe sa chlár seachtainiúil cúrsaí reatha 7 Lá. I measc na nithe a bhaineann le nuacht agus cúrsaí reatha agus a clúdaíodh sa bhliain 2014, áirítear cuairt an Uachtaráin, Micheál D. Ó hUigín, ar Shasana agus raon leathan forbairtí de chineál áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus domhanda.

Bhí cláir Cheoil & Ealaíon go mór chun tosaigh freisin i sceideal craolacháin TG4 sa bhliain 2014. I measc na gclár a léiríonn cáilíocht agus bunúlacht, áirítear na samplaí seo a leanas: *Fleadh Ceoil 2014* ina ndearnadh beochraoladh ar Fhleadh Ceoil na hÉireann i Sligeach. Is é

a bhí i gceist leis sin ná craoladh 15 huaire an chloig thar thréimhse ceithre lá agus bhí líon an lucht féachana a d'fhéach air sármhaith, gan trácht ar aiseolas sármhaith a fháil sna meáin shóisialta; in *Bosca Ceoil*, ar sraith nua i bhformáid nua ceoil a bhí ann, taispeánadh ceol traidisiúnta den scoth ó Ionad Ceoil Monroe i nGaillimh agus bhí dúil mhór ag an lucht féachana ann; *Gradam Ceoil 2014*, teilifísiú bliantúil an tsearmanais gradam do cheoltóirí comhaimseartha sármhaithe i réimse an cheoil thraidisiúnta; agus *Pobal ag Ealaíon*, sraith ealaíon ceithre pháirt a cómhaoiníodh in éineacht leis an gComhairle Ealaíon agus inar taispeánadh ealaín áitiúil agus ealaíontóirí áitiúla laistigh dá dtimpeallacht féin.

Sa bhliain 2014, thuill TG4 líon eisceachtúil gradam aitheantais agus ainmniúcháin do dhuaiseanna, 97 acu ar fad; bhain 70 ceann acu le gradaim/hainmniúcháin do chlár agus bhain cúig cinn acu lenár gcuid craoltóirí. Léiríonn na gradaim agus na hainmniúcháin sin cáilíocht agus sainiúlacht chlár agus phearsantachtaí TG4. I measc na bpríomhghradam agus na bpríomhainmniúcháin

“There is more to TG4 than hot weather girls.... TG4: It's better than you think.”

SUNDAY WORLD





áiríodh ainmniú *An Bronntanas* mar iarracht na hÉireann i nGradaim na Academy Awards (Oscars) don scannán is fearr i dteanga iasachta, trí cinn de Ghradaim Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA) do 1916 *Seachtar Dearmadta*, Séamus Heaney – *Imeall Postscript* agus Páidí Ó Sé – *Rí an Pharóiste*. Thug saothair le TG4 dhá Thorc abhaile ó Fhéile na Meán Ceilteach 2014, *Croí Trodach* (Spórt) agus *Ponydance* (Daoine Óga). Fuaireamar aitheantas freisin ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2014, ina measc an Gradam do Shraith Teilifíse na Bliana do *Garraí Glas* chomh maith le cúig cinn de ghradaim eile, agus bhíomar i measc na gcrabhbh-ainmniúcháin do Ghradam Nuálaíochta Brightcove i gcatagóir an Éispéiris Is Fearr i gcás na Meán Fadfhoirme. Ghnóthaigh dráma de chuid TG4, *Rúbaí* ilghradaim mar an dráma is fearr agus mar an scannán gearr is fearr i gcuid mhór féilte lena n-áirítear Fleadh Scannán na Gaillimhe, an Charlie Chaplin Comedy Film Festival, gradaim IFTA agus an Belfast Film Festival. Ghnóthaigh sé gradaim don dráma is fearr agus an príomhghradam sa Corona Fastnet Film Festival – gan trácht ar chuid mhór gradam eile. Ina theannta sin, ghnóthaigh TG4 gradam de chuid an World Indigenous

Television Broadcasting Network (WITBN).

Tá an líon clár Gaeilge a fhaigheann 70,000-100,000 duine de lucht féachana ina tháscaire maith ar fheidhm-íocht TG4 i dtaca leis an líon daoine ina lucht féachana. Tá torthaí maithe ag TG4 i gcomparáid le craoltóir na Breataine Bige, S4C. Sa tréimhse 2013/2014, ní raibh ach 286 chlár ag S4C a raibh níos mó ná 70,000 duine sa lucht féachana agus ní raibh ach 54 chlár aige ag a raibh lucht féachana os cionn 100,000 duine. I gcomparáid leis sin, sa bhliain 2014, bhí 1,102 chlár ag TG4 a raibh níos mó ná 70,000 duine ann sa lucht féachana ina leith agus bhí 619 gclár aige ag a raibh níos mó ná 100,000 duine ann sa lucht féachana.

Sa bhliain 2014, rinne TG4 Beoshruith leanúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar an tseirbhís Seinnteora, rinneadh uasdátú ar Aip iPad TG4 agus seoladh Aip iPhone TG4 agus Aip Teilifíse Cliste TG4. Cuireann an feidhmchlár teilifíse a d'fhorbair TG4 ar chumas an úsáideora féachaint athdheise a dhéanamh ar raon leathan Teilifíseán Cliste, boscaí bairr teilifíseáin agus feistí DVD Cliste Blue Ray – tá 288 múnla éagsúla ar fad ann i dtaca le feistí cliste de.



An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a Chur Chun Cinn agus a Fhorbairt

Tá spéis sa Ghaeilge agus i gcultúr na hÉireann agus in úsáid na Gaeilge á cur chun cinn ag TG4 tríd an ábhar ardchaighdeán teilifíse sa Ghaeilge a chuireann TG4 ar fáil, trí na seirbhísí ar líne agus soghluaiste, lena n-áirítear Aipeanna Gaeilge a sholáthraíonn sé d'fhoghlaimeoirí, trí nuachtlitir mhíosúil ar líne a chur ar fáil agus trí leathnú Chartlann Shean-Nóis TG4.

Mar chuid de ghealltanais TG4 don bhliain 2014, d'fhéach sé le tomhas a dhéanamh ar an tionchar atá aige ar an bhfeachtas ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann agus ar fhorbairt na nithe sin. Rinneadh sin trí bhithin suirbhé nua a coimisiúnaíodh ag deireadh na bliana 2013. Rinne Ipsos MRBI an suirbhé sin i lár na bliana 2014 agus ba é a bhí ann ná sampla náisiúnta ionadaíoch ina raibh 1,000 aosach 15 bliana d'aois agus os a chionn. Fuarthas aiseolas an-dearfach mar thoradh ar an suirbhé: Creideann 82% de na freagróirí go léir go bhfuil tionchar dearfach ag TG4 ar an nGaeilge; creideann 81% de na freagróirí go léir go gcuireann TG4 faoi deara go bhfuil rochtain níos mó ar an nGaeilge ná mar a dhéanann meáin eile; agus creideann 83% de na freagróirí go léir go gcuireann féachaint ar TG4 brí agus anam sa Ghaeilge.

- **Chuir TG4 raon leathan gníomhaíochtaí ar fáil i rith na bliana 2014 agus thacaigh na gníomhaíochtaí sin le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus chultúr na hÉireann:** Tacú leis an Rialtas maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: d'ainneoin an dúshlán leanúnaigh a ghabhann le hacmhainní teoranta a bheith ann chun an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm, tá TG4 ag leanúint de bheith ag obair in éineacht leis an Rialtas agus leis na príomh-gheallsealbhóirí maidir le cur i gcrích na Straitéise. Ghlac toscaireacht shinsearach de chuid TG4 páirt sa chruinniú den Fhochoiste Rialtais maidir leis an


Straitéis 20 Bliain. Bhí an Taoiseach ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Thug na craoltóirí seirbhíse poiblí agus Údarás Craolacháin na hÉireann eolas don Fhochoiste agus do na hoifigigh shinsearach faoi ról an chraolacháin i ndáil le cur chun cinn na Gaeilge agus i ndáil le cur i gcrích na Straitéise i gcoitinne. Chuir *Nuacht TG4* agus *7 Lá* tuairiscí leanúnacha faoin Straitéis agus faoi na cuspóirí agus na spriocanna atá aici, faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ina leith agus faoi leithroinnt acmhainní etc. maidir léi.

- **An Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc leanaí agus daoine óga:** Sa bhliain 2014, chraol TG4 níos mó ná seacht n-uaire an chloig sa lá de chlár do leanaí. Ina theannta sin, lean sé de bhéim a leagan ar nuálaíocht, ar rogha agus ar idirghníomhaíocht don chuid seo den lucht féachana. Is é réimse na gclár do leanaí agus daoine óga an réimse is iomaíche den sceideal craolacháin agus chuir TG4 seirbhís chuimsitheach ar fáil. I measc na 7 n-uaire an chloig de chlár do leanaí agus do dhaoine óga, áiríodh an méid seo a leanas: *Cúla4 na nÓg* do leanaí réamhscoile; *Cúla4* do leanaí níos sine ná sin; am na gclár do dhéagóirí, *Ponc*, mar aon le clár do leanaí níos sine agus do dhéagóirí. Ina theannta sin, rinne TG4 infheistíocht in ábhar idirghníomhach Gaeilge, i gcluichí ar líne agus in Aipeanna etc. chun díriú ar dhaoine óga sa lucht féachana. Tá ocht gcinn d'Aipeanna Gaeilge do leanaí réamhscoile á gcur ar fáil ag TG4 anois, rud a fhágann go bhfuil níos mó rochtana ann ar an nGaeilge agus go mbaineann níos mó spraoi léi do dhaoine óga ar fud an domhain.
- **Seirbhís Ghaeilge dhomhanda a sholáthar:** Cuireann seirbhísí ar líne, seirbhísí Seinnteora TG4 agus seirbhísí soghluaiste TG4 ábhar craolacháin ar fáil ar bhonn domhanda, agus cuireann na seirbhísí sin plé chun cinn maidir leis an nGaeilge agus maidir le cultúr na hÉireann.

“TG4 enriches community life, gives nationwide free to air access, sits comfortably with the GAA’s ethos and is something to be very proud of”

Joe Brolly





- **Tacú le forbairt na hearnála léiriúcháin neamhspleách Gaeilge:** trína chuid gníomhaíochtaí coimisiúnaithe agus trí bhearta ar leithligh tacaíochta agus oideachais, Tacaíonn TG4 leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách, go háirithe cuideachtaí a oibríonn trí mheán na Gaeilge trína chuid gníomhaíochtaí coimisiúnaithe agus trí bhearta ar leithligh tacaíochta agus oideachais. Ina theannta sin, tá TG4 ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. Tháinig méadú, go beagnach €22m, ar an gcaiteachas ar an earnáil seo.
- **Tacú le Comhlachtaí Éireannacha Cultúir & Spóirt:** Neartaigh TG4 comhpháirtíochtaí le comhlachtaí Gaeilge, cultúir agus spóirt, lena n-áirítear Oireachtas na Gaeilge, Cumann Peil Gael na mBan, CLG, Tionól Teagaisc na Múinteoirí Gaeilge, Comhar na Naíonraí, Gaelscoileanna agus An Coiste Téarmaíochta etc. Cuireadh socrú nua 3 bliana i bhfeidhm le CLG sa bhliain 2014. Rinneadh Seinnteoir Sean-Nóis TG4 a leathnú tuilleadh i rith na bliana agus tá cartlann ann anois ina bhfuil thart ar 350 amhrán sean-nóis Gaeilge, le leagan cruinn athscríofa de na focail do gach leagan de gach amhrán. Is acmhainn uathúil saor in aisce í sin d'úsáideoirí ar fud an domhain gan aon gheoshrianta. Reáchtáil TG4 ceardlann le linn Thionól Teagaisc bliantúil na múinteoirí Gaeilge dara leibhéil. Thug sé sin deis do TG4 aiseolas a fháil díreach ó bhéal na múinteoirí Gaeilge féin i dtaobh conas atá an sceideal craolacháin ag dul i bhfeidhm orthu sin a úsáideann an Ghaeilge san oideachas lánaimseartha. Chomh maith leis sin, rinne TG4 modúl a sholáthar le linn an chomhchúrsa ullmhúcháin bhliantúil in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, i Meitheamh 2014, a eagraíodh do chóir nuacheaptha Scoláirí Fhondúireacht Fulbright agus Fhondúireacht Ollscoile na hÉireann-Cheanada a bhí ag réiteach le dul thar sáile

go dtí ollscoileanna i Meiriceá Thuaidh chun cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí litríochta Gaeilge a theagasc. Sa mhodúl sin, leagadh amach an raon ábhair atá ar fáil ar Sheinnteoir TG4 agus ar féidir é a úsáid le linn teagasc a dhéanamh in institiúidí den sórt sin.

- **Tacú leis an ngeilleagar áitiúil sa Ghaeltacht:** Sa bhliain 2014, chaith TG4 cion mór dá chaiteachas ar chuideachtaí léiriúcháin atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. Tá os cionn 300 post lánaimseartha san earnáil léiriúcháin neamhspleách á gcothú go díreach trí choimisiúin TG4. Fiontair bheaga agus mheán-mhéide an chuid is mó díobh agus cé nach bhfuil na poist go léir lonnaithe i gceantair Ghaeltachta tá líon mór díobh lonnaithe ansin. Ós rud é go bhfuil TG4 féin lonnaithe sa Ghaeltacht is cuid thábhachtach é freisin de shaol eacnamaíochta agus sóisialta na Gaeltachta. De bhreis air sin, is é seo an 20ú bliain atá *Ros na Rún* á léiriú agus cruthaíonn sé leibhéal suntasach fostaíochta díri agus post conartha sa gheilleagar áitiúil.

An Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách Gaeilge

Tá TG4 tiomanta i leith infheistíochta dhéanamh in ábhar bunaidh ardchaighdeán Gaeilge atá á léiriú ag an earnáil in Éirinn. De bhreis air sin, leagtar béim ar an talann atá san earnáil chruthaitheach Gaeilge a chothú trí chlár forbartha TG4 lena dtugtar tacaíocht do léiritheoirí agus scríbhneoirí céaduaire Gaeilge.

Faigheann TG4 ábhar ó níos mó ná 100 cuideachta léiriúcháin neamhspleách Éireannach. Mar atá luaite thuas, tá os cionn 300 post lánaimseartha do dhaoine ardoilte cruthaitheacha á gcothú go díreach trí choimisiúin ó TG4. Sa bhliain 2014, rinne TG4 680 uair an chloig de chlár nua Gaeilge agus beagnach 700 uair an chloig d'ábhar athghuthaithe agus fotheidealaithe a



choimisiúnú ón earnáil léiriúcháin neamhspleách. Bhí na huairé an chloig d'ábhar coimisiúnaithe 5% níos airde ná sprioc na bliana 2014. Ba fheidhmíocht láidir é sin, agus léiríonn sé tiomantas leanúnach TG4 i leith tacaíocht a thabhairt don earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge. Sa bhliain 2014, tháinig méadú ar an gcaiteachas ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách – caitheadh €21.66 milliún san earnáil sin ar chlár, ar fhotheidealú agus ar dhubáil i gcomparáid le caiteachas €21.47 milliún sa bhliain 2013. Méadú beagnach 1% a bhí ann i gcomparáid le caiteachas na bliana 2013. Chaith TG4 cion suntasach dá chaiteachas iomlán san earnáil léiriúcháin neamhspleách ar chuideachtaí a oibríonn trí mheán na Gaeilge. Maidir le caiteachas iomlán TG4 san earnáil léiriúcháin neamhspleách, b'ionann an caiteachas ar chlár choimisiúnaithe amháin agus 52% dá chaiteachas iomlán oibríúcháin sa bhliain 2014 agus b'ionann é agus beagnach 58% den mhaoiniúchán poiblí a fuarthas. Is sciar suntasach é sin agus léiríonn sé feidhmíocht láidir i rith bliana nach bhfuarthas aon mhaoiniúchán breise ina leith.

Sa bhliain 2014, d'oibrigh TG4 i gcomhpháirtíocht le léiritheoirí na hearnála léiriúcháin chun maoiniúchán a fháil ón gciste Fuaime & Físe agus ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Faigheann an earnáil léiriúcháin neamhspleách an maoiniúchán sin go díreach ach úsáidtear é chun coimisiún TG4 a mhaoiniú. Sa bhliain 2014, fuair an earnáil léiriúcháin neamhspleách €3.135 milliún ón gciste Fuaime & Físe agus d'áirithigh an earnáil léiriúcháin neamhspleách i dTuaisceart Éireann €1.276 milliún ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge (CCG).

Ina theannta sin, chuaigh TG4 i mbun roinnt tionscnamh eile chun tacú le forbairt thalann agus chruthaitheacht na hearnála léiriúcháin Gaeilge i rith na bliana 2014. Mar shampla, le linn Fleadh Scannán na Gaillimhe, eagraíodh dhá cheardlann ar dhrámaí TG4 agus

béim ar leith á leagan ar *An Bronntanas*. Leanadh de thacú le Cúrsa Teilifíse Nemeton/Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge — i measc na gclár píolótach a d'éirigh as cúrsa na bliana 2014, bhí clár ann faoi Liam Clancy agus coimisiúnaíodh é sin ina dhiaidh sin mar chlár faisnéise uair an chloig dar teideal *Mo Chara*, Liam Clancy agus craoladh é ar Lá Nollag 2014.

Tairbhe Eacnamaíochta

Mar chuid den luach ar airgead a sholáthraíonn TG4, cinntíonn sé go mbíonn tionchar dearfach ag a chaiteachas ar gheilleagar na hÉireann. €73.9 milliún é rannchuidiú díreach agus neamhdhíreach TG4 don tuilleamh náisiúnta don bhliain 2014 agus meastar gurbh é a lean as a thionchar ar fhostaíocht ná níos mó ná 1,150 post (lena n-áirítear poist san earnáil léiriúcháin dá ndearnadh tagairt níos túisce sa tuarascáil seo). Léiríonn sé sin leibhéal caiteachais TG4 in Éirinn agus an leibhéal caiteachais ar chlár choimisiúnaithe dhúchasacha agus ar sheirbhísí coimisiúnaithe dúchasacha seachas ar ábhar agus seirbhísí a fháil ó mhargáí idirnáisiúnta. Agus léiríonn sé sin freisin gurbh fhiú beagnach €2 do gheilleagar na

“TG4 seems to broadcast more relevant historical documentaries that all the other stations combined.”

SUNDAY TIMES





hÉireann gach €1 a d'infheistigh TG4 sna tionscail chruthaitheacha in Éirinn sa bhliain 2014.

Trédhearcacht agus Éifeachtúlacht

Sa bhliain 2014, lean TG4 de dhíriú ar luach ar airgead a uasmhéadú agus ar an luach is fearr a bhaint amach i ngach cuid dá ghnó. Chinntigh TG4 go ndearnadh beagnach 74% den mhaoiniúchán poiblí a chaitheamh go díreach ar chlár Ghaeilge agus ar ábhar Gaeilge a léiriú. Chomh maith leis sin, chuir TG4 srian le húsáid maoiniúcháin phoiblí ionas nár úsáideadh é ach amháin chun cuspóir agus dualgais seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Tá TG4 tar éis leanúint d'fheidhmiú ar an mbonn is cost-éifeachtaí agus is féidir agus de luach ar airgead a sholáthar i ndáil le gach rud a dhéanann sé. Seo a leanas na príomhphointí nach mór aird a thabhairt orthu:

- Tháinig méadú 1% ar chaiteachas oibriúcháin TG4 sa bhliain 2014. Maidir leis an méid sin, tháinig méadú 1.4% ar an gcaiteachas ar chlár Ghaeilge agus ar ábhar Gaeilge.
- Caitheadh 76% den mhaoiniúchán poiblí ar ábhar Gaeilge sa bhliain 2014 – b'ionann sin agus méadú 1% i gcomparáid le sciar na bliana 2013.
- Maidir leis an gcostas in aghaidh an uair an chloig ar ábhar nua Gaeilge, tháinig méadú 2.5% air ó €4k ina aghaidh an uair an chloig (agus sin bunaithe ar chostais iomlána) go €4.1k in aghaidh an uair an chloig. Ach €3k in aghaidh an uair a chloig a bhí ann fós sa bhliain 2014 nuair a bhunaítear an costas sin ar chostais chlár amháin. Tháinig méadú ar an gcostas in aghaidh an uair an chloig, ar bhonn an líon daoine sa lucht féachana, ó 26 cent sa bhliain 2013 go 28 cent sa bhliain 2014. Sin méadú 7.7% agus tharla sé de bharr laghdaithe ar an líon daoine sa lucht féachana agus, chomh maith leis sin, de bharr infheistíochta breise i gclár agus in ábhar sa bhliain 2014. Ní áiríonn an

costas in aghaidh an uair an chloig, ar bhonn an líon daoine sa lucht féachana, ardáin eile a úsáidtear agus, dá bhrí sin, is tomhas an-teoranta ar éifeachtúlacht é. Tugann craoltóirí eile aitheantas dó sin. Mar shampla, luaitear an méid seo a leanas i dtuarascáil de chuid an BBC: “Although a useful measure of value for money, cost per viewer hour has some limitations. The focus on viewer numbers as the sole measure of value ignores other qualities important to a public service broadcaster. An over-reliance on cost-per-viewer hour could also result in high costs being masked by large audience numbers or reductions in cost being obscured by a fall in the number of viewers, which is why the BBC uses a range of measures when monitoring the performance of its continuing dramas”.

I rith na bliana, tháinig méadú beagnach 10% ar ioncam tráchtála TG4 rud a léiríonn neartú an gheilleagair agus na hearnála fógraíochta. Coimeádadh a mhaoiniúchán poiblí don bhliain 2014 ag an leibhéal céanna leis na ceithre bliana roimhe sin tar éis méadú beag a bheith faighte sa bhliain 2011 agus laghduithe móra maoiniúcháin roimhe sin. Ag deireadh na bliana 2014, tuairiscíodh easnamh réamhchánach (€44,000) i dtaca le cúrsaí foriomlána airgeadais TG4. Tá sé tábhachtach go dtabharfar aghaidh air sin i ndáil le feidhmíocht airgeadais na bliana 2015. Beidh dúshlán i gceist leis sin ós rud é go mbeidh ar TG4 déileáil le laghdú ar mhaoiniúchán reatha arís d'ainneoin moladh a bheith déanta ag Údarás Craolacháin na hÉireann i leith méadaithe ar mhaoiniúchán poiblí tar éis an athbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniúchán do chraoltóirí seirbhíse poiblí agus d'ainneoin laghduithe móra maoiniúcháin agus costas le blianta beaga anuas. Tá laghdú beagnach 2% (€510k) á dhéanamh ar mhaoiniúchán reatha 2015.

Bíonn TG4 ag brath go príomha ar mhaoiniúchán poiblí mar acmhainn trína ndéantar a riachtanais leanúnacha laethúla a mhaoiniú. Mar chraoltóir seirbhíse poiblí, oibríonn TG4 go dian chun a chinntiú go ndéantar maoiniúchán poiblí a chaitheamh ar an mbealach is cost-éifeachtaí is féidir i gcás gach uile ghníomhaíochta agus go soláthraíonn sé luach ar airgead mar phríomh-thosaíocht. Príomhchuspóir de chuid TG4 is ea leibhéal réasúnacha costais ina aghaidh an uair an chloig a choimeád ar bun i leith a chlár agus a chinntiú go





bhfaightear luach ar airgead maidir leis na costais a bhaineann le cláir mar gurb ionann na costais sin agus an sciar is suntasaí de na costais iomlána oibríúcháin. Mar chuid de sin, bhí sé de chuspóir ag TG4 a chinntiú go bhfanadh an meánchostas in aghaidh an uair an chloig de chláir choimisiúnaithe faoi bhun leibhéal íochtair an raoin costas sin i gcás an BBC, S4C agus RTÉ, nó comh-ionann leis na gcostas sin. I dtéarmaí comparáidí chostais TG4 in aghaidh an uair an chloig de chláir choimisiúnaithe, tá costais TG4 i ndáil leis na príomhsheánraí níos ísle ná costais na dtrí chraoltóir lena mbaineann. Agus difríochtaí margaidh á gcur san áireamh, soláthraíonn sé sin fianaise ar an mbéim a leagann TG4 ar bharrinneacht chostais agus ar luach ar airgead.

Teicneolaíocht

Ní mór do TG4 coimeád cothrom le dáta le hathruithe teicneolaíochta sa chraolachán agus i soláthar ábhair chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh, chomh maith lena staid iomaíoch a chosaint. Ní mór dó ionad láidir a choimeád ar gach ardán soláthair agus a chuid córas craolacháin a fhorbairt chun an staid sin a chothú. Mura leanfaidh TG4 d'infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua, in ardáin nua agus i bhformáidí ábhair nua, tá baol ann go gcaillfidh sé sciar den lucht féachana agus nach mbeifear ag freastal ar riachtanais an lucht féachana i leith ábhair tharraingtigh is cuma cén áit a bhfuil sé sin ag teastáil nó cén uair atá sé ag teastáil. I measc na bhforbairtí is suntasaí sa bhliain 2014 maidir le teicneolaíocht agus córais, áiríodh an méid seo:

- leagan nua d'Aip TG4 le cur ar an iPhone;
- córas uathoibríoch athsoláthair ábhair ar shruthanna gréasáin TG4 nuair atá srian ar chearta cláir réigiúin an úsáideora;
- Aip nua leabhair scéalta, *Scéal an Lae*, a fhorbairt;

- ailtireacht díosca ghuaireann a shuiteáil lena húsáid in éineacht lena chóras téip-bhunaithe LTO chun stóráil fhadtéarma a chur ar fáil do chlár; agus
- rinne TG4 iarratas ar mhaoiniúchán Cartlainne chuig Údarás Craolacháin na hÉireann. D'éirigh leis maoiniúchán tionscadail a fháil i gcomhair an chostais a bhainfeadh le Tionscadal Cartlainne Ceoil & Clár Faisnéise a chur ar fáil, agus críochnófar an obair ina leith sin sa bhliain 2015.

Iontaoibh & Dea-Rialachas

Sa bhliain 2014, bhí feidhmíocht rialachais láidir ag TG4 fós maidir le soláthar seirbhíse poiblí agus comhlíonadh oibleagáidí reachtúla:

- Choimeád TG4 córais rialachais agus tuairiscithe ar bun de réir an dea-chleachtais.
- Chloígh TG4 leis na cóid agus na treoirlínte go léir maidir le cúrsaí craolacháin agus níor eisigh an Rialálaí aon smachtbhanna chuig TG4 sa bhliain 2014 i ndáil le haon Chód nó Treoirlíne.
- I rith na bliana 2014, d'fhéach TG4 leis na caighdeáin is airde a sholáthar agus a choimeád ar bun maidir le hionraiceas eagarthóireachta agus le raon ilchineálach clár ardchaighdeán a sholáthar.
- Ní dhearnadh aon ghearáin chuig Údarás Craolacháin na hÉireann faoi aschur TG4.
- Rinneadh dhá iniúchadh inmheánacha sa bhliain 2014: (1) athbhreithniú ar chomhlíonadh an chóid cleachtais maidir le rialú Comhlachtaí Stáit agus (2) athbhreithniú ar thaisteal agus cothú. Rinneadh athbhreithniú fairsing ar bhainistiú rioscaí in TG4 ag deireadh na bliana 2014 freisin agus rinneadh an tuarscáil faoin athbhreithniú ar rioscaí a thíolacadh don Bhord i mí na Nollag 2014.

“TG4 has been quietly and consistently been making the kind of offbeat comedies that give Irish humour a good name.”

THE HERALD



Bord Theilifís na Gaeilge agus faisnéis eile

Cuireadh Bord Theilifís na Gaeilge ar bun i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil de chuid an Achta Craolacháin, 2001. Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha a cheap comhaltaí an Bhoird.

Ar an 31 Márta 2012, chuaigh téarma oifige an Chathaoirligh agus 8 gcomhalta den Bhord in éag. Ar an 17 Aibreán 2012, cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha Cathaoirleach agus 6 chomhalta den Bhord agus athcheapadh comhalta amháin den Bhord a bhí ann roimhe sin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2014.

Comhaltaí an Bhoird agus an tArdstiúrthóir amhail ar an 31 Nollaig 2014



Siún Ní Raghallaigh
(Cathaoirleach)



Pól Ó Gallchóir
(Ardstiúrthóir)



Seosamh
Ó Conghaile



Rónán
Ó Coisdealbha



Concubhar
Ó Liatháin



Andréa
Ní Éalaithe



Des
Geraghty



Mairéad
Ní Cheoinín



Micheál
Seoighe



Mairéad
Nic Suibhne



Michelle
Ní Chróinín

Rúnaí na Cuideachta agus an Oifig Chláraithe

Mary Uí Chadhain

TG4

Baile na hAbhann

Co. na Gaillimhe

Rúnaí don Bhord

Pádraic Ó Ciardha

Fochoistí de chuid an Bhoird

Tá trí fhochoiste de chuid an Bhoird ann mar a leanas:

An Coiste Iniúcháireachta

Des Geraghty (Cathaoirleach)

Micheál Seoighe

Michelle Ní Chróinín

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2014, tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile 4 huairé agus thuairiscigh siad don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí go díreach don Choiste Iniúcháireachta.

An Coiste Luach Saothair

Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)

Andréa Ní Éalaithe

Mairéad Nic Suibhne

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile uair amháin sa bhliain suas go dtí an 31 Nollaig 2014.

An Coiste Digiteach

Mairéad Ní Cheoinín (Cathaoirleach)

Concubhar Ó Liatháin

Rónán Ó Coisdealbha

Tháinig an Coiste Digiteach le chéile faoi dhó sa bhliain suas go dtí an 31 Nollaig 2014.

Iniúcháir

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Bloc an Chisteáin

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Aturnae

Landwell Solicitor

1 Duga Spencer

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Banc-Aontas Éireann

Caisleán an Loingsigh

Sráid na Siopaí

Gaillimh

Achtúire

Pricewaterhouse Coopers

Uimhir a hAon, Duga Spencer

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

Tuarascáil an Chathaoirligh

Bliain eile bunathruithe agus iomaíochta sa réimse craolacháin a bhí i gceist leis an mbliain 2014, agus bhí dúshlán ann fós do TG4. Tá os cionn 60 cainéal teilifíse in Éirinn anois, chomh maith le seirbhísí eile amhail Netflix agus bealaí ar líne, rud a chruthaíonn dianiomaíocht i dtaca leis an líon daoine sa lucht féachana agus i dtaca leis an méid airgid a fhaightear ó fhógraíocht.

Bunaíodh TG4 mar chraoltóir seirbhíse poiblí chun eolas agus siamsaíocht a sholáthar agus, ag an am céanna, próifíl na Gaeilge a mhéadú i gcomhréir le cuspóir an Rialtais maidir le sochaí dhátheangach a chruthú agus maidir le húsáid na Gaeilge a normalú. Go sonrach, tá sé mar chuspóir againn an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a neartú, a chur chun cinn agus a cheiliúradh, méadú a dhéanamh ar infheictheacht na Gaeilge agus an chultúir sin i saol laethúil na saoránach agus aird ar leith a thabhairt ar na nithe a shainíonn an cultúr sin, go háirithe na Gaeltachtaí.

Tá léiriú ar an gcuspóir sin le fáil i ngach gné de straitéis TG4 agus san obair a dhéanaimid. Glactar go forleathan leis gurb é TG4 an beart is dearfaí atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtas chun an Ghaeilge a chur chun cinn le gur féidir sult a bhaint aisti agus chun íomhá inrochtana agus

comhaimseartha a thabhairt di.

Ag tacú le hAcmhainní Cruthaitheacha Gaeilge

Oibríonn TG4 mar fhoilsitheoir/chraoltóir. Faighimid an chuid is mó dár gcláir Ghaeilge ó earnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann, go háirithe ó chuideachtaí i gceantair Ghaeltachta agus rinneadh os cionn 90% den bhuiséad don bhliain i leith clár a chaitheamh san earnáil sin. Táimid tiomanta i leith infheistíocht a dhéanamh in ábhar bunaidh ardchaighdeán Gaeilge atá ullmhaithe ag an earnáil in Éirinn agus i leith tacaíocht a thabhairt i ndáil le forbairt léiritheoirí, scríbhneoirí, stiúrthóirí agus daoine talannacha eile a oibríonn trí mheán na Gaeilge. Cinntíonn sé sin go mbíonn cláir Ghaeilge TG4 uathúil agus go dtacaíonn siad go díreach leis an earnáil léiriúcháin Gaeilge.

Sa bhliain 2014, choimisiúnaigh TG4 luach beagnach €22m de chláir Ghaeilge agus de sheirbhísí Gaeilge ón earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn. Príomhábhar tosaíochta i straitéis chúig bliana TG4 is ea an caiteachas sin a mhéadú agus méadú a dhéanamh ar an méid ábhair a choimisiúnaítear ón earnáil sna blianta atá romhainn.

Coimisiúnaíonn TG4 cláir Ghaeilge agus ábhar Gaeilge ó níos mó ná 100 cuideachta léiriúcháin neamhspleách in



Éirinn agus tá níos mó ná 300 post cruthaitheach lánaimseartha á gcur ar fáil go díreach mar thoradh ar na coimisiúin sin. Tá an chuid is mó de na poist le fáil i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide agus tá cuid mhór díobh lonnaithe sa Ghaeltacht agus in ionaid réigiúnacha eile. Dá bhrí sin, cuidíonn TG4, ar bhealach tábhachtach, le fostaíocht sna ceantair sin.

Ina theannta sin, cuidíonn TG4 go mór le geilleagar na hÉireann. Bhí rannchuidiú díreach agus neamhdhíreach TG4 le tuilleamh náisiúnta comhionann le suim beagnach €74m sa bhliain 2014 agus lean níos mó ná 1,150 post as an tionchar fostaíochta a bhí ag gabháil leis sin, lena n-áirítear poist san earnáil léiriúcháin neamhspleách. Léiríonn sé sin gur fiú níos mó ná €2 do gheilleagar na hÉireann gach €1 a infheistíonn TG4 sna tionscail chruthaitheacha.

Lucht Féachana

Ba í an bhliain 2014 an chéad bhliain iomlán ina raibh ár gcóras nua tomhais lucht féachana i bhfeidhm. Déanann Fios Físe tomhas ar leibhéal an lucht féachana i measc cainteoirí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. Bhí muid an-sásta feidhmíocht láidir a fheiceáil i dtaca lenár gcroílucht féachana de. Bhain TG4 lucht féachana Gaeilge 93% sa tseachtain amach.

D'ainneoin leibhéal na hiomaíochta sna margat craolacháin agus ábhair, agus d'ainneoin luaineacht figiúirí lucht féachana, léirigh TG4 feidhmíocht sheasta i ngach lucht féachana in Éirinn – ní amháin le cainteoirí Gaeilge, agus 12% sa lá á bhaint amach in aghaidh an lae ó thaobh lucht féachana de. Féachann beagnach leathmhiliún duine ar TG4 ar bhonn laethúil. Bhaineamar an 7ú háit amach sa liosta cainéal teilifíse is mó a bhféachtar orthu in Éirinn, is é sin le rá, áit amháin níos airde ar an liosta ná a bhaineamar amach i 2013.

Bhí torthaí maithe ag TG4 ar líne agus ar sheirbhís an tSeinnteoira, rud a léiríonn treocharaí domhanda. Tháinig méadú 54%, go 323.5k, ar an líon uaire an chloig ar féachadh orthu ar an Seintteoir. Sa bhliain 2014, tháinig méadú 13%, go dtí níos mó ná 1.8m, ar líon na gcuairteoirí uathúla chuig an Suíomh Gréasáin, agus tá an chéad áit ag TG4 i gcónaí maidir leis na ranguithe a bhaineann le Suíomh Ghréasáin Ghaeilge.

Bhí ráchairt ar sheirbhís TG4 i measc an lucht féachana idirnáisiúnta freisin. Tá 38% d'úsáideoirí láithreacha gréasáin TG4 agus 40% d'úsáideoirí an tSeinnteoira lonnaithe i dtíortha lasmuigh d'Éirinn. Tá beagnach 700k úsáideoir uathúil idirnáisiúnta ag Suíomh Gréasáin TG4. I dtaca leis an lucht féachana idirnáisiúnta, a bhfuil srianta cearta i bhfeidhm do chuid den ábhar is ceadmhach a sholáthar dóibh, roghnaíonn seirbhís Sheinnteoir TG4 ábhar eile as cartlann TG4 mar mhalairt ar an ábhar srianta agus sin an t-ábhar a shruthaítear. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cláir bheo á soláthar 24 huair an chloig sa lá

ar an Seintteoir don lucht féachana uile, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Rinne TG4 raon Aipeanna a fhorbairt agus a chur ar fáil sa bhliain 2014 agus bhí toradh maith ann freisin maidir le líon na nAipeanna a íoslódáladh sa bhliain 2014. Íoslódáladh 58.6k Aip de chuid TG4, rud a léiríonn fíor-éileamh ar sheirbhísí soghluaiste Gaeilge. Is iad na hAipeanna de chuid TG4 is mó a bhfuil éileamh orthu *Cúla Caint*, Seintteoir TG4 agus *Cúla Caint 2*.

Tá ról tábhachtach ag TG4 maidir le sochaí dhátheangach a bhunú in Éirinn. Féachann 1.5m duine ar TG4 ar bhonn seachtainiúil agus taispeánann sé sin rath TG4 maidir le hionad tábhachtach a chruthú don Ghaeilge i saol daoine. Cé go bhfuil cuid mhór dúshlán eacnamaíochta agus sóisialta le sárú ag Éirinn, ní ceart dearmad a dhéanamh ar thábhacht na Gaeilge agus chultúir na hÉireann ná ar ról TG4 i ndáil le cabhair a thabhairt maidir leis na nithe sin a chaomhnú agus a fhorbairt. Tá sé mar chuspóir againn, inár ról mar chainéal náisiúnta teilifíse Gaeilge, a chinntiú go leanann an Ghaeilge mar theanga bheo agus gur bun-taca fós í do chultúr agus d'oidhreacht na hÉireann.

Feidhmíocht Airgeadais

I rith na bliana, tháinig méadú beagnach 10% ar ioncam tráchtála TG4 rud a léiríonn neartú an gheilleagair agus na hearnála fógraíochta. D'fhan ár maoiniúchán poiblí don bhliain 2014 ag an leibhéal céanna leis na ceithre bliana roimhe seo tar éis méadú beag a bheith faighte sa bhliain 2011 agus laghduithe móra maoiniúcháin roimhe sin. Léiríonn feidhmíocht fhoriomlán airgeadais na heagraíochta easnamh réamhchánach a tuairiscíodh don bhliain 2014 (€44,000). Tá sé tábhachtach go dtabharfaimid aghaidh ar an easnamh sin i ndáil lenár bhfeidhmíocht airgeadais sa bhliain 2015.

Beidh dúshlán i gceist leis sin, áfach, ós rud é go mbeidh ar TG4 déileáil le laghdú ar mhaoiniúchán reatha arís, d'ainneoin moladh a bheith déanta ag Údarás Craolacháin na hÉireann i leith méadaithe ar mhaoiniúchán poiblí tar éis an athbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniúchán do chraoltóirí seirbhíse poiblí agus d'ainneoin laghduithe móra maoiniúcháin agus costas le blianta beaga anuas. Tiocfaidh laghdú €510k ar an maoiniúchán reatha sa bhliain 2015.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire, Pat Rabbitte, T.D., as a thacaíocht do TG4 i rith na bliana 2014. Is mian linn freisin fáilte a chur roimh an Aire nua, Alex White, T.D., agus roimh oifigigh a Roinne, agus buíochas a ghabháil leo. Is mór againn an chuairt a thug sé ar Ceannáras TG4 nuair a ceapadh mar Aire é.

Gabhaim buíochas le mo chuid comhchomhaltaí den Bhord as a ndíograis agus as a dtacaíocht i leith TG4 agus

le fochoistí an Bhoird i réimsí na Iniúchóireachta, na gCúrsaí Digíteacha agus an Luach Saothair, agus le Rúnaithe an Bhoird. Gabhaim buíochas freisin le Comhairle an Lucht Féachana as an obair thábhachtach atá déanta aici agus as a rannchuidiú le forbairt ábhar agus sheirbhísí TG4.

Táimid buíoch freisin d'Údarás Craolacháin na hÉireann agus den Chiste Craoltóireachta Gaeilge as a dtacaíocht leanúnach agus de RTÉ as na 365 huairé an chloig reachtúla d'ábhar Gaeilge a chur ar fáil in aghaidh na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann TG4 atá faoi cheannaireacht

dhúthrachtach an Ardstiúrthóra, Pól Ó Gallchóir. Agus iad ag déileáil le bliain dheacair eile, d'oibrigh Pól agus foireann TG4 go dian chun na torthaí ab fhearr ab fhéidir a bhaint amach don bhealach. Tá mé féin agus an Bord ag tnúth le bheith ag obair leo arís sa bhliain 2015.



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Tuarascáil an Ardstiúrthóra

Réamhrá

Sa bhliain 2014, bhí ar TG4 déileáil le brú airgeadais fós ach, d'ainneoin sin, mhéadaíomar an sciar den mhaoiniúchán poiblí a caitheadh ar chlár Ghaeilge. Is ionann an sciar sin anois agus beagnach 74% agus táimid an-sásta leis sin. Táimid tar éis na laghduithe ar ár maoiniúchán agus ar ár n-ioncam a bhainistiú ar mhodh ina ndearnadh íoslaghdú ar aon tionchar ar cháilíocht agus ar raon an ábhair dhuaisbhuaiteigh a chraolaimid agus a sholáthraímid ar líne agus trínár gcuid seirbhísí soghluaiste.

Lucht Féachana

Is é is croíchuspóir do TG4 ná seirbhís teilifíse Ghaeilge a sholáthar chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn. Príomhthosaíocht straitéiseach de chuid TG4 is ea an méid sin a bhaint amach tríd an lucht féachana a mhéadú.

Ag deireadh na bliana 2013, choimisiúnaigh TG4 córas nua tomhais lucht féachana, Fios Físe, chun an líon cainteoirí Gaeilge inár lucht féachana a chainníochtú. Bunaíodh an córas sin i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Painéal neamhspleách trédhearcach atá ann agus déanann sé tomhas ar fheidhmíocht TG4 i measc an lucht féachana i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Ina theannta sin, tá sé ceaptha chun measúnachtaí cáilíochtúla a sholáthar faoinár n-ábhar craolacháin.

Ba í an bhliain 2014 an chéad bhliain iomlán ina ndearnadh tomhas ar an líon úsáideoirí Gaeilge sa lucht féachana agus bhí lúcháir ar TG4 feidhmíocht láidir a bheith aige i ndáil lenár gcroí-lucht féachana. Sa bhliain 2014, d'fhéach 93% de na húsáideoirí Gaeilge sin ar TG4 in aghaidh na seachtaine. 79% an ráta sástachta sa lucht féachana sin le seirbhísí TG4 i rith na bliana.

D'ainneoin leibhéal na hiomaíochta sna margaí ábhair craolacháin, ar líne agus soghluaiste, chruthaigh TG4 gur féidir leis bonn lucht féachana a mhealladh fós agus dul san iomaíocht le hábhar nua Béarla de chuid RTÉ agus TV3 a ullmhaítear in Éirinn. Sa bhliain 2014, bhaineamar áit níos airde amach sa liosta cainéal teilifíse is mó a bhféachtar orthu in Éirinn, is é sin le rá, athrú ón 8ú háit go dtí an 7ú háit. Bhí beagnach leathmhilliún duine de lucht féachana laethúil ag TG4 i 2014. Tá sé mar aidhm againn an lucht féachana a mhéadú agus táimid ag díriú air sin mar chuid lárnach dár straitéis.

Chomh maith leis sin, rinne TG4 feidhmíocht mhaith a bhaint amach ar líne agus i dtaca lenár seirbhís Seinnteora de. Sa bhliain 2014, tháinig méadú 13%, go dtí níos mó ná 1.8m, ar líon na gcuariteoirí uathúla chuig an Suíomh Gréasáin, agus tá an chéad áit ag TG4 i gcónaí maidir leis na ranguithe domhanda a bhaineann le Suíomh Ghréasáin Gaeilge. Rinne muid forbairt ar ár seirbhís Seinnteora trí chodanna cláir a nascadh le chéile mar aonad chun feabhas a chur ar thaitneamh na gcuariteoirí,

agus tháinig méadú ar an líon uaire an chloig a caitheadh ar féachaint ar an tseirbhís. Íoslódáladh cuid mhór Aipeanna de chuid TG4, beagnach 58.6k Aip Ghaeilge, i rith na bliana.

Ina theannta sin, rinneadh Seinnteoir Sean-Nóis TG4 a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2014 agus tá cartlann ann anois ina bhfuil thart ar 350 amhrán sean-nóis Gaeilge, chomh maith le athscríobh cruinn beacht ar fhocail gach leagan de gach amhrán acu. Is seirbhís nuálach uathúil í seo agus ar féidir le húsáideoirí teacht uirthi saor in aisce ar fud an domhain.

An Sceideal Craolacháin Gaeilge agus Uaire Nua Gaeilge

Ceann de chuspóirí TG4 don bhliain 2014 ab ea an sceideal ab fhearr ab fhéidir d'ábhar Gaeilge a sholáthar don lucht féachana, á chinntiú go mbeadh dearcadh sainiúil 'súil eile' ag baint leis na cláir go léir a chraolaimid agus go bhfeidhmeoimis go maith i dtaca leis sin de i rith na bliana. Sa bhliain 2014, 1,822 uair an chloig a bhí in aschur iomlán clár nua Gaeilge TG4. Meán-aschur 4.99 uair an chloig sa lá a bhí i gceist leis an bhfigiúr sin agus bhí sé 6.6% níos airde ná an sprioc a bhí leagtha amach don bhliain. D'ainneoin nach raibh aon mhéadú ar an maoiniúchán, rinne muid méadú 3% sa bhliain 2014 ar ár gcuid uaire an chloig d'ábhar nua Gaeilge. Léiríonn sé sin na forbairtí suntasacha atá déanta ag TG4 i dtaca le seirbhís chuimsitheach craolacháin agus ábhair a sholáthar d'ainneoin na timpeallachta deacra airgeadais a bhí ann, ar seirbhís í a soláthraíodh go príomha trí mheán na Gaeilge, ní amháin anseo in Éirinn ach ar fud an domhain freisin.

De bhreis ar mhéadú a dhéanamh ar mhéid an ábhair nua/bunaidh Gaeilge, tá sé de chuspóir ag TG4 infheistiú a dhéanamh sa chroí-sceideal craolacháin Gaeilge agus croí-sceideal 40 seachtain sa mbliain sholáthar san fhadtárma. Rinne TG4 dul chun cinn an-suntasach i dtaca leis sin de sa bhliain 2014.

Ar an meán, chuir muid 5.3 huair an chloig sa lá d'aschur nua Gaeilge ar fáil thar croí-sceideal 34 seachtaine agus, ar an meán, bhí 4.4 uaire an chloig d'aschur nua Gaeilge ann sa chuid eile den bhliain. Bhí mórforbairt dhearfach ann i leith sceideal TG4 sa mhéid gur tháinig méadú 6.3% ar an gcroí-sceideal craolacháin Gaeilge i dtéarmaí an líon seachtainí agus gur tháinig méadú 1% air sin i dtéarmaí an mheánlíon uaire an chloig d'ábhar Gaeilge a craoladh sna croísheachtainí sin. Ina theannta sin, bhí sé sin chun tosaigh ar ár gcuid spriocanna don bhliain.

Tá ocht gcinn d'Aipeanna Gaeilge do leanaí réamh-scoile á gcur ar fáil ag TG4 anois, rud a fhágann go bhfuil níos mó rochtana ann ar an nGaeilge agus go mbaineann níos mó spraoi léi do dhaoine óga ar fud an domhain. Táimid tar éis Beoshruth leanúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar an tseirbhís Seinnteora, rinneadh

uasdátú ar Aip iPad TG4 agus seoladh Aip iPhone TG4 agus Aip Teilifíse Cliste TG4. Cuireann an feidhmchlár teilifíse a d'fhorbair TG4 ar chumas an úsáideora féachaint athdheise a dhéanamh ar raon leathan Teilifíseán Cliste, boscaí bairr teilifíseán agus feistí DVD Cliste Blue Ray – tá 288 múnla éagsúla ar fad ann i dtaca le feistí cliste de.

Cláir Ghaeilge

Bhí cuid mhór clár ardchaighdeán Gaeilge ann agus chuidigh siad sin le sceideal ilchineálach siamsúil craolacháin a sholáthar ar TG4 i rith na bliana 2014. Leanadh den ráchairt ar na cláir sin i measc an lucht féachana agus bhí tábhacht leo maidir leis an líon mór i lucht féachana an bhealaigh teilifíse.

Rinneadh roinnt drámaí ardchaighdeán a léiriú agus a chraoladh ar TG4 sa bhliain 2014. Rinneadh *An Bronntanas*, scéinséir cúig pháirt a fuair ardmholadh ó léirmheastóirí, a chraoladh i rith na bliana. Chomh maith leis sin, oiriúnaíodh é mar scannán lánfhada a craoladh Lá Nollag. Ina theannta sin chraol muid an dara sraith de *Corp + Anam*, scéinséir coireachta duais-bhuaiteach TG4 a fuair ardmholadh ó léirmheastóirí. Agus lean muid dár sobaldráma Gaeilge, *Ros na Rún*, a chraoladh.

Lean TG4 de dhíriú ar chlár faisnéise ardchaighdeán inar clúdaíodh raon leathan ábhar, de chineál stairiúil agus de chineál reatha araon. Áirítear an méid seo a leanas mar shamplaí de na cláir sin: *Dialann ón gCogadh Mór*, mórchlár faisnéise idirnáisiúnta ocht n-uaire an chloig a cóiríodh agus ar cuireadh atheagar air trí ábhar a chur leis chun an Chéad Chogadh Domhanda a chomór-adh; *Ar Intinn Eile* ina ndearnadh scrúdú forleathan ar stair an tinnis meabhrach in Éirinn, agus ar thuairimí reatha ina leith, agus ar an gcóireáil atá tugtha ina leith le 300 bliain anuas; *Luain Tarbh*, sraith faisnéise dhá pháirt inar nochtadh an fíorscéal taobh thiar de Chath Chluain Tarbh agus a craoladh 1,000 bliain tar éis an chatha; agus *Áille an Uafáis*, gnéchlár faisnéise dhá pháirt faoi dhá cheann de na cathanna a bhí ann le linn Éirí Amach 1916, is é sin le rá, cathanna Dhroichead Shráid an Mhóta agus Shráid an Rí Thuaidh agus dírfódh ar na daoine anaithnide a tarraingíodh isteach san Éirí Amach. Neartaigh na cláir sin agus cuid mhór clár eile clú TG4 i ndáil le cláir ardchaighdeán mhórtionchair faisnéise a choimisiúnú agus a chraoladh.

Bhí cúrsaí spóirt go mór chun tosaigh i gcónaí i sceideal TG4 i rith na bliana 2014. Tá ionad tábhachtach ag cláir spóirt inár sceideal ós rud é gur féidir le spórt daoine a mhealladh nach mbeadh ag féachaint ar TG4 ar bhonn rialta seachas sin. Tá sé d'aidhm againn dul i dteagmháil le cainteoirí Gaeilge nach bhfuil an-líofa agus le daoine nach bhfuil aon Ghaeilge acu — is maith an modh an spórt chuige seo. Is é atá i gcur chuige spóirt TG4 ná gur i nGaeilge a bhíonn an tráchttaireacht ar fad le linn cluichí/gnéchlár spóirt, an plé ar fad sa stiúideo agus agallaimh (más féidir). Cabhraíonn sé sin leis an nGaeilge

a thabhairt isteach i líon níos mó teaghlach (chomh maith lena thabhairt isteach i dtithe tábhairne agus i gclubanna ina bhféachtar ar chraolta spóirt TG4) ná mar a bheadh i gceist seachas sin.

I rith na bliana, d'aontaigh muid socrú nua cearta craolta trí bliana le CLG. Rinne muid beochraoladh ar chluichí CLG, is é sin le rá, ag an 2ú agus an 3ú leibhéal, Craobh na Mionúr agus Craobh faoi 21 san Iománaíocht agus sa Pheil, an tSraith Náisiúnta, Peil na mBan agus Comórtas Peile na Gaeltachta agus an cluiche Rialacha Idirnáisiúnta idir Éire a chraoladh beo ó Melbourne san Astráil. Chomh maith leis sin, bheochraol TG4 cluichí rugbaí an Guinness Pro 12, mar aon le Buaicphointí ó Chorn na Seaimpíní agus Chorn an Dúshláin agus beochraoladh ar Chorn Domhain Rugbaí na mBan inar éirigh go maith le foireann na hÉireann. Lean TG4 den *Seó Spóirt* ar clár réamh-anailíse stiúideo-bhunaithe é a chlúdaíonn Cluichí Gaelacha agus rugbaí, mar aon le hanailís a fháil ó imreoirí, ó bhainisteoirí agus ó shaineolaithe clúiteacha agus le hagallaimh le daoine ar fud na tíre.

Sa bhliain 2014, chraol TG4 níos mó ná seacht n-uaire an chloig sa lá de chlár Ghaeilge do leanaí. Dá bhrí sin, táthar ag leanúint de bhéim a leagan ar chlár Ghaeilge do leanaí agus do dhaoine óga mar chroíthosaíocht seirbhíse poiblí do TG4. Ina theannta sin, lean TG4 de bhéim a leagan ar nuálaíocht, ar rogha agus ar idirghníomhaíocht don chuid seo den lucht féachana. Is é réimse na gclár do leanaí agus daoine óga an réimse is iomaíche den sceideal craolacháin agus féachaimid le seirbhís láidir chuimsitheach a chur ar fáil. I measc na 7 n-uaire an chloig de chlár do leanaí agus do dhaoine óga, áirítear an méid seo a leanas: *Cúla4 na nÓg* Do leanaí réamhscoile; *Cúla4* do leanaí níos sine ná sin; am na gclár do dhéagóirí, *Ponc*, mar aon le cláir do leanaí níos sine agus do dhéagóirí. Ina theannta sin, tá infheistíocht á déanamh ag TG4 in ábhar idirghníomhach Gaeilge, i gcluichí ar líne agus in Aipeanna srl chun díriú ar dhaoine óga sa lucht féachana.

Leanann *Nuacht TG4*, an feasachán laethúil ag 7pm mar chuid sheasta den sceideal clár. Déantar anailís nuachta a chomhlánú le plé níos mine ar an gclár laethúil seachtainiúil cúrsaí reatha 7 Lá. I measc na n-ábhar a clúdaíodh sa bhliain 2014, áirítear cuairt stairiúil an Uachtaráin, Micheál D. Ó hUigín, ar Shasana, tuairisciú cuimsitheach faoi na toghcháin Eorpacha agus faoi reifreann in Albain, mar aon le tuairisciú faoi raon leathan forbairtí de chineál áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus tuairiscí a fháil ó áiteanna ar fud an domhain.

Bhí cláir Cheoil & Ealaíon go mór chun tosaigh freisin i sceideal craolta TG4 sa bhliain 2014. I measc na gclár a léiríonn cáilíocht agus bunúlacht, áirítear na samplaí seo a leanas: *Fleadh Ceoil 2014* ina ndearnadh beochraoladh ar Fleadh Ceoil na hÉireann i Sligeach. Is é a bhí i gceist leis sin ná mórócáid nuálach craolacháin inar craoladh 15 huaire an chloig san iomlán thar thréimhse ceithre lá agus bhí líon an lucht féachana a d'fhéach air sármhaith,

gan trácht ar aiseolas sármhaithe a fháil sna meáin shóisialta; in *Bosca Ceoil*, ar sraith nua i bhformáid nua ceoil a bhí ann, taispeánadh ceol traidisiúnta den scoth ó Ionad Ceoil Monroe i nGaillimh agus bhí dúil mhór ag an lucht féachana ann; *Gradam Ceoil 2014*, teilifísíú bliantúil an tsearmanais gradam do cheoltóirí comhaimseartha sármhaithe i réimse an cheoil thraidisiúnta; agus *Pobal ag Ealaíon*, sraith ealaíon ceithre pháirt a cómhaoiníodh in éineacht leis an gComhairle Ealaíon agus inar taispeánadh ealaín áitiúil agus ealaíontóirí áitiúla laistigh dá dtimp-eallacht féin. Bunchlár de chuid an sceidil 35 seachtaine is ea clár seachtainiúil ealaíon agus cultúir an bhealaigh, *Imeall*, agus leanann sé d'ardmholadh a fháil don raon imeachtaí ealaíon ar fud an oileáin a chlúdaíonn sé.

Gradaim agus Ainmniúcháin

Sa bhliain 2014, fuair TG4 líon eisceachtúil gradam agus ainmniúcháin, 99 acu ar fad; bhain 72 ceann acu le gradaim/hainmniúcháin do chlár agus bhain cúig cinn acu lenár gcuid craoltóirí. Is ionann na gradaim agus na hainmniúcháin sin agus teistiméireacht agus ceiliúradh ar cháilíocht agus ar shainiúlacht chlár agus phearsantachtaí TG4. I measc na bpríomhghradam agus na bpríomh-ainmniúcháin áiríodh ainmniú *An Bronntanas* mar ionadaí na hÉireann i nGradaim an Acadaimh i Meiriceá (Oscars) don scannán is fearr i dteanga iasachta, trí cinn de Ghradaim Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA) do 1916 *Seachtar Dearmadta*, *Séamus Heaney – Imeall Postscript* agus *Páidí Ó Sé – Rí an Pharóiste*. Fuaireamar duaiseanna ag Féile na Meán Ceilteach 2014 agus an Gradam do Shraith Teilifíse na Bliana do *Garraí Glas* ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2014 chomh maith le cúig cinn de ghradaim eile ansin. Bhíomar i measc na gcrabha-ainmniúcháin do Ghradam Nuálaíochta Brightcove i gcatagóir an Éispéiris Is Fearr i gcás na Meán Fadfhoirme. Ghnóthaigh dráma de chuid TG4, *Rúbaí* ilghradaim sa mbaile agus i gcéin agus ghnóthaigh *Áille an Uafáis* gradaim agus léirmheas fábhach chomh maith. Ghnóthaigh Nuacht TG4 gradam WITBN. Ghnóthaigh an cartlann Sean Nóis ar suíomh TG4 an Suíomh Gréasáin is Fearr ag Gradam Chumarsáide an Oireachtais 2014.

Tionchar ar an nGaeilge

Tá sé mar aidhm ag TG4 a chinntiú go bhfuil ionad lárnach ag an nGaeilge i saol na hÉireann. Mar chainéal, tá fíor-rath orainn ó thaobh na Gaeilge de agus tá an Ghaeilge ar fáil trí TG4 anois mar theanga bheo, tharraingteach, ábhartha i ngach teaghlach ar oileán na hÉireann agus i dteaghlaigh lasmuigh d'Éirinn. Tríd an ábhar ardchaighdeán teilifíse sa Ghaeilge a chuireann TG4 ar fáil, trí na seirbhísí ar líne agus soghluaiste, lena n-áirítear Aipeanna Gaeilge a sholáthraíonn sé d'fhoghlaimeoirí, trí nuachtlitr mhíosúil ar líne a chur ar fáil agus trí leathnú Chartlann Shean-Nóis TG4, tá spéis sa Ghaeilge agus i gcultúr na hÉireann agus in úsáid na Gaeilge á cur chun cinn againn.

Mar chuid dár ngealltanais don bhliain 2014, d'fhéach muid le tomhas a dhéanamh ar an tionchar dearfach atá againn ar an bhfeasacht ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann agus ar fhorbairt na nít sin. Rinneadh sin trí bhithin suirbhé nua a coimisiúnaíodh ag deireadh na bliana 2013. Rinne Ipsos MRBI an suirbhé sin i lár na bliana 2014, ó shampla náisiúnta ionadaíoch 1,000 aosach os cionn 15 bliana d'aois. Fuarthas aiseolas an-dearfach ón suirbhé agus bhí muid an-sásta leis na torthaí. Chreid 82% de na freagróirí go léir go bhfuil tionchar dearfach ag TG4 ar an nGaeilge. Chreid 81% de na freagróirí go léir gurb éasca teacht ar ábhar Gaeilge ar TG4 ná mar is fíor i gcás meán eile agus chreid 83% de na freagróirí go léir go mothaíonn siad go bhfuil beocht ann sa Ghaeilge nuair a fhéachann siad ar TG4.

An Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách Gaeilge

Ar feadh na bliana 2014, lean TG4 dá ghealltanais leanúnach a chomhlíonadh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in ábhar bunaidh ardchaighdeán Gaeilge, agus an t-ábhar sin á chur ar fáil ag an earnáil in Éirinn. De bheis air sin, leagaimid béim ar an talann atá ann san earnáil chruthaitheach Ghaeilge a chothú trí chlár forbartha TG4 lena dtugtar tacaíocht do léiritheoirí, do stiúthóirí agus do scríbhneoirí céaduaire Gaeilge.

Faigheann TG4 ábhar ó níos mó ná 100 cuideachta léiriúcháin neamhspleách Éireannach. Tá os cionn 300 post lánaimseartha do dhaoine ardoilte cruthaitheacha á gcothú go díreach trí choimisiúin ó TG4. Cuideachtaí beaga is ea an chuid is mó díobh agus cé nach bhfuil na poist go léir lonnaithe i gceantair Ghaeltachta tá líon mór díobh lonnaithe ansin. Sa bhliain 2014, rinne TG4 680 uair an chloig de chlár nua Gaeilge agus beagnach 700 uair an chloig d'ábhar athghuthaithe agus fotheidealaithe a choimisiúnú ón earnáil léiriúcháin neamhspleách. Tháinig méadú, go beagnach €22m, ar an gcaiteachas ar an earnáil seo. Príomhábhar tosaíochta de chuid straitéis chúig bliana TG4 is ea méadú a dhéanamh ar an méid clár a choimisiúnaímid ón earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge. Cinnteoidh sé sin go mbeidh ár sceideal agus ár gcuid clár uathúil comh maith lena bheith tábhachtach mar rud a chuidíonn le leibhéil fostaíochta sa Ghaeltacht agus i gceantair réigiúnacha eile agus le hinbhuanaitheacht na Gaeltachta agus ceantar réigiúnach eile.

Tionchar Eacnamaíochta

Ina theannta sin, leanann TG4 de thionchar suntasach a imirt ar gheilleagar na hÉireann i gcoitinne. B'ionann rannchuidiú díreach agus neamhdhíreach TG4 le tuilleamh náisiúnta agus beagnach €74 milliún sa bhliain 2014 agus is é a lean as a thionchar ar fhostaíocht ná níos mó ná 1,150 post. Léiríonn sé sin leibhéal caiteachais TG4 in Éirinn agus an leibhéal caiteachais ar chlár choimisiúnaithe dhúchasacha agus ar sheirbhísí coimisiúnaithe dúchasacha seachas ar ábhar agus seirbhísí a fháil ó

mhargaí idirnáisiúnta. Agus léiríonn sé sin freisin gur fiú beagnach €2 do gheilleagar na hÉireann gach €1 a d'infheistigh TG4 sna tionscail chruthaitheacha in Éirinn sa bhliain 2014.

Ioncam Tráchtála

Den chéad uair le seacht mbliana anuas, tháinig méadú ar chaiteachas fógraíochta i margadh na hÉireann sa bhliain 2014. Tháinig méadú 4.3%, go €747.4m, ar mhargadh fógraíochta na hÉireann. I rith na bliana, tháinig méadú láidir ar ioncam fógraíochta agus urraíochta, agus ar ioncam eile tráchtála, TG4 (gar do 10%) rud a léiríonn neartú an gheilleagair agus na hearnála fógraíochta. Ba ábhar misnigh dúinn a fháil amach gur tháinig méadú ar ár n-ioncam tráchtála go leibhéal go mór os cionn an ráta a bhí ann i margadh fógraíochta na hÉireann.

An tIonchas don bhliain 2015

Tá TG4 ag leanúint de chuidiú, ar bhealach an-infheicthe, leis an aidhm a bhaineann le sochaí dhátheangach a bhunú in Éirinn. Féachann 1.5 milliún duine ar TG4 ar bhonn seachtainiúil (beagnach leathmhilliún sa lá) agus léiríonn sé sin an dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le hionad lárnach a chruthú don Ghaeilge i saol mhuintir na hÉireann, agus íomhá agus ábharthacht chomhaimseartha á tabhairt di. Tá sé mar chuspóir againn seirbhísí TG4 a fhorbairt tuilleadh, á chinntiú go mbíonn an t-ábhar a ullmhaítear anseo in Éirinn ar fáil do lucht féachana chomh forleathan agus is féidir. Le linn an méid sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go leanann an Ghaeilge de bheith ina teanga bheo.

Sa bhliain 2015, áfach, beidh dúshlán shuntasacha le sárú ag TG4 maidir leis an méid sin a bhaint amach. D'ainneoin moladh a bheith déanta ag Údarás Craolacháin na hÉireann i leith méadaithe ar mhaoiniúchán poiblí tar éis an athbheithnithe cúig bliana ar mhaoiniúchán do chraoltóirí seirbhíse poiblí agus d'ainneoin laghdaithe móra maoiniúcháin agus costas le blianta beaga anuas, beidh ar TG4 déileáil le laghdú ar ár maoiniúchán reatha poiblí don bhliain 2015. Cothóidh sé sin deacrachtaí tráth a bhfuil athrú chomh suntasach sin ag teacht ar an réimse teilifíse. Tá an iomaíocht i leith lucht féachana agus caiteachais fógraíochta ag éirí níos géire ná riamh agus is léir go mbeidh an bhliain 2015 níos iomaíche ná riamh i margadh teilifíse na hÉireann tar éis sheoladh mórbealach nua teilifíse ag tús na bliana, is é sin le rá, UTV Ireland. Tá craoltóirí na hÉireann ag déileáil leis an iomaíocht seachtrach atá ag éirí níos logánta trí níos mó ábhair nua a ullmhaítear in Éirinn a chur ar fáil d'fhonn ionad sainiúil a bhaint amach dóibh féin. Tá méid suntasach ábhar Gaeilge a ullmhaíodh in Éirinn curtha ar fáil ag TG4 i gcónaí, agus 90% dá bhuiséad do chlár á chaitheamh aige gach bliain ar chlár Ghaeilge a ullmhaítear in Éirinn agus ar sheirbhísí Éireannacha. Beidh

an bhliain 2015 níos deacra do TG4, áfach, agus sinn ag déileáil le buiséid laghdaithe agus leis an gceanglas maidir le hábhar uathúil, láidir Gaeilge a ullmhú ar ábhar é atá in ann siamsaíocht a chur ar fáil agus leibhéal arda lucht féachana a mhealladh — agus dul in iomaíocht le hábhar Béarla a ullmhaítear in Éirinn agus a chuireann RTÉ, TV3 agus UTV Ireland ar fáil.

Mar thoradh ar ghealltanais 2015 TG4 i leith ábhair, tabhófar caiteachas os cionn €23m a gcaithfear beagnach 89% de go díreach ar ábhar agus ar sheirbhísí Gaeilge san earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge anseo in Éirinn. Déanfar 71% de chaiteachas oibriúcháin TG4 a chaitheamh ar chlár agus ar ábhar — is infheistíocht shuntasach é sin.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le roinnt daoine aonair agus le roinnt eagraíochtaí.

Ar dtús, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire Cumarsáide, Pat Rabbitte T.D. agus le hoifigigh a Roinne as a dtacaíocht do TG4. Is mian linn freisin buíochas a ghabháil lenár nAire nua, Alex White T.D. Bhí lúcháir orainn nuair a thug sé cuairt ar ár gCeannáras go gairid tar éis é a bheith ceaptha mar Aire.

Is mian liom buíochas a ghabháil arís le comhaltaí Bhord TG4 agus le Cathaoirleach an Bhoird, Siún Ní Raghallaigh, as a ndúthacht leanúnach agus a dtacaíocht do TG4 sa bhliain 2014.

Chomh maith leis sin, tá ár mbuíochas ag gabháil d'Údarás Craolacháin na hÉireann, do Bhord Scannán na hÉireann, do Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann agus do RTÉ. Is mór againn go háirithe tacaíocht RTÉ do TG4 trí bhíthin 365 uaire an chloig d'ábhar Gaeilge in aghaidh na bliana a sholáthar do sheirbhís TG4. Tá cuid mhór eagraíochtaí eile ann a n-oibrímid leo chun forbairt a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann ach ní féidir iad go léir a lua anseo. Táimid buíochas díobh go léir agus táimid ag súil le bheith ag obair leo arís sa bhliain 2015 agus ina dhiaidh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe anseo in TG4. Bliain dhúshlána a bhí inti agus is mian liom mo bhuíochas a ghlacadh leo as ucht a n-oibre crua agus a dtiomantais i leith TG4. Go raibh míle maith agaibh ar fad.

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

Rialachas Corparáideach

An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm

Ag a chruinniú a tionóladh i mí Iúil 2010, ghlac an Bord go foirmiúil an Cód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit mar a bhí eisthe ag an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2010.

Fuair an Bord nua teagasc faoi chód 2010 ag a chruinniú ionduchtúcháin i mBealtaine 2012 agus thug siad téarmaí an chóid dá n-aire.

Dhearbhaigh an Coiste Iniúchóireachta go raibh athbhreithniú déanta aige ar rialuithe airgeadais inmheánacha Theilifís na Gaeilge sa bhliain 2014. Ghlac an Bord leis sin agus tuairiscíodh amhlaidh i miontuairiscí chruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 15 Nollaig 2014.

Cuireadh treoir ar fáil do gach comhalta Boird chomh maith maidir leis na cóid iompair i gcúrsaí eitle agus go háirithe maidir lena bhfuil de fhreagracht orthu i ndáil leis an gcód iompair do chomhaltaí agus d'fhoireann Theilifís na Gaeilge.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe é Bord Theilifís na Gaeilge chun críche an Achte um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achte um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001.

Tá comhairle tugtha do chomhaltaí uile an Bhoird, ina gcáil mar shealbhóirí stiúrtóireachtaí ainmnithe, agus do gach duine den fhoireann a bhfuil post ainmnithe acu maidir lena n-oiblegáidí faoin reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí eitle agus tá treoir chuí tugtha dóibh ina leith.

Bainistiú Rioscaí

Ós rud é go n-aithnítear an tábhacht a ghabhann le bainistiú rioscaí, chuaigh an Bord i mbun athbhreithnithe iomláin ar rioscaí san eagraíocht sa bhliain 2014. Tíolacadh tuarascáil mheasúnaithe rioscaí don Bhord ag a chruinniú i mí na Nollag 2014. Ag an gcruinniú sin, ghlac an Bord leis na rioscaí ionchasacha agus leis na straitéisí maolaithe rioscaí de réir mar a bhí leagtha amach sa tuarascáil.

Aontaíodh, ina theannta sin, gur próiseas leanúnach é seo. Dá bhrí sin, déanfar an clár rioscaí a uasdátú le linn na bliana 2015 agus tíolacfar don Bhord é in am trátha.

Bhunaigh an Bord na coistí seo a leanas chun cabhrú leis le linn a ndualgais a chomhlíonadh:

An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luach Saothair agus an Coiste Digiteach. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe faoin roinn dar teideal Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile.

Áirítear na nithe seo a leanas i ról agus i bhfreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta:

- An plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain atá romhainn a aontú.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón iniúchóireacht inmheánach maidir le héifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm moltaí.
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na cuideachta i gcomhthéacs chóras foriomlán na cuideachta maidir le bainistiú rioscaí.

Áirítear na nithe seo a leanas i ról agus i bhfreagrachtaí an Choiste Luach Saothair:

- An creat maidir leis an luach saothair d'Ardstiúrthóir na cuideachta agus do dhaoine eile de chuid an lucht bainistíochta feidhmiúcháin a shocrú agus a aontú leis an mBord.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ábharthacht an bheartais maidir le luach saothair faoi láthair.
- Ceadú scéimeanna pá a bhaineann le feidhmíocht agus atá á n-oibriú ag an gcuideachta agus ceadú na n-íocaíochtaí iomlána bliantúla a dhéantar faoi scéimeanna den sórt sin.
- Freagracht as roghnú aon sainchomhairleoirí luach saothair a thugann comhairle don chuideachta.

Díolaíochtaí le Stiúrthóirí

Chomhlíon TG4 na treoirlínte lena rialaítear íoc táillí le Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí Comhlachtaí Stáit, ar treoirlínte iad a d'eisigh an tAire Airgeadais i mí Iúil 1992. (Féach an tábla anseo thíos).

Bord TG4	Táillí €'000	Caiteachais €'000	Líon na gCruinnithe
Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)	–	–	7
Seosamh Ó Conghaile	12.6	1	6
Rónán Ó Coisdealbha	12.6	–	7
Concubhar Ó Liatháin	12.6	2	4
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	21.6	–	7
Andréa Ní Éalaithe	12.6	1	6
Des Geraghty	12.6	2	6
Mairéad Ní Cheoinín	12.6	–	7
Micheál Seoighe	12.6	–	7
Mairéad Nic Suibhne	–	3	6
Michelle Ní Chróinín	–	–	4
Costaisí Eile (rúnaíocht san áireamh)	–	2	–
Táillí agus caiteachais chomhaltaí an Bhoird	109.8	11	

Ar an 31 Nollaig 2014, bhí 10 gcomhalta neamhfheidhmiúcháin ar an mBord mar aon le comhalta feidhmiúcháin amháin, is é sin, an tArdstiúrthóir.

Athbhreithniú Airgeadais 2014

Athbhreithnithe ar Ioncam agus ar Chaiteachas

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht TG4 maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana 2014 i dtéarmaí na bpríomhfhoinsí ioncaim agus na príomhbhealaí ina n-úsáidtear é, i dtéarmaí na nithe sin is príomhshiocair le costais ar an gcainéal agus i dtéarmaí na béime foriomláine ar chúrsaí éifeachtúlachta agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid san athbhreithniú freisin idir feidhmíocht TG4 i rith na bliana 2014 agus an fheidhmíocht sa bhliain 2013 faoi na 4 cheannteideal seo a leanas:

1. **Ioncam**
2. **Caiteachas Oibriúcháin**
3. **Rialú Costas & Éifeachtúlacht sa bhliain 2014**
4. **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2014**

1. Ioncam

Mar is léir ó Thábla 1 thíos, ba é a bhí san ioncam iomlán (maoiniúchán reatha státchiste agus ioncam tráchtála) sa bhliain 2014 ná €36.1m (2013: €35.8m). I gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, tháinig méadú fíorbheag 0.8% ar ioncam iomlán TG4. Ba é a bhí sa mhaoiniúchán reatha státchiste ná €32.75m (2013: €32.75m) den tsuim sin agus b'ionann é agus 90.6% (2013: 91.4%) d'ioncam iomlán TG4 agus ba é a bhí san ioncam tráchtála ná 9.4% sa bhliain 2014, is é sin, €3.4m (2013: €3.09m).

Tháinig méadú 10% ar an ioncam tráchtála. Feidhmíocht mhaith a bhí ansin i dtimpeallacht a bhí dúshlánach.

Tábla 1: Ioncam TG4 2014

Tuirisc	2014		2013	
	€'000	%	€'000	%
Deontas-i-gcabhair	32,750	90.6%	32,750	91.4%
Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht)	1,964	5.4%	1,782	4.9%
Ioncam tráchtála eile	1,435	4%	1,311	3.7%
Ioncam iomlán	36,149	100%	35,843	100%

2. Caiteachas Oibriúcháin

I dtéarmaí an chaiteachais bhliantúil oibriúcháin, leag TG4 béim i gcónaí ar mhúnla oibriúcháin a oibríonn comh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistiú costas chun luach ar airgead a chinntiú thar na gníomhaíochtaí go léir. Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán oibriúcháin sa bhliain 2014 ná €36.21m agus ba mhéadú 0.98% ar chaiteachas na bliana 2013 (€35.86m). Féach Tábla 2 thíos.

Tábla 2: Caiteachas Oibriúcháin TG4 2014 Vs 2013

	€'000		% Athrú 2014 vs 2013
	2014	2013	
Costas Díolachán	716	636	12.58%
Costais Foirne	5,470	5,586	(2.08%)
Caiteachas ar Chláir	24,386	24,190	0.8%
Caiteachas Eile (Forchostais, costais Tarchur-adóireachta agus costais Mhargaiochta san áireamh)	5,638	5,450	3.45%
Caiteachas Oibriúcháin iomlán	36,210	35,862	0.97%

3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht

Lean TG4 de bheith ag oibriú go héifeachtúil, go cost-éifeachtúil agus go stuama sa bhliain 2014. Baineadh amach sábháil airgid thar raon leathan ionad costais agus baineadh tuilleadh úsáide as acmhainní chun ábhar a sholáthar ar rátaí níos cost-éifeachtaí.

San iomlán, i gcomparáid leis an sprioc 1710 n-uair an chloig, chuir TG4 1821 n-uair an chloig d'ábhar bunaidh Gaeilge ar fáil sa bhliain 2014. B'ionann sin agus méadú 3% i gcomparáid leis an mbliain 2013.

4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2014

Mar a léirítear ina ghealltanais don bhliain, gheall TG4 70% ar a laghad dá mhaoiniúchán reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú. Mar a thaispeántar i dTábla 3 thíos, ba é a bhí sa chaiteachas iarbhrí ná 76% den mhaoiniúchán Státchiste. Bhain na forchostais maidir le tarchur, craoladh agus cur chun cinn an sceideal agus na forchostais ghinearálta leis an 24% eile den mhaoiniúchán Státchiste sa bhliain 2014.

San iomlán, bhí méadú ar leibhéil laethúla aschuir TG4 maidir le hábhair nua Gaeilge ó 4.84 uair an chloig go dtí 4.99 uair an chloig in aghaidh an lae.

Tábla 3: Caiteachas ar Ábhar Gaeilge

Tuirisc	2014		2013	
	€,000	%	€,000	%
Maoiniúchán reatha Státchiste	32,750	100%	32,750	100%
Cláir Ghaeilge:				
Cláir choimisiúnaithe	18,846	57.5%	18,558	56.7%
Cláir a fuarthas/a dubáladh/a fotheidealaidh	4,410	13.5%	4,374	13.4%
Costais foirne léiriúcháin (lena n-áirítear tuarastail)	1,761	5.4%	1,523	4.7%
Costais Iomlána Léirithe Ábhair Gaeilge	25,017	76%	24,455	75%

Ráitis Airgeadais

Clár

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird	32
Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach	33
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais	34
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	35
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	37
Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána	38
Clár Comhardaithe	39
Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid	40
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	41-50

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Theilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth

áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne in Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

20 Aibreán 2015

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Theilifís na Gaeilge (TG4), admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go ndéanfaí iad a bhrath ar mhodh tráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nósanna imeachta ag leibhéal na bainistíochta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a choimirciú;
- An struchtúr eagrúcháin agus freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis na nithe sin, a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú chun tuairiscí a dhéanamh maidir le mainneachtainí suntasacha maidir le rialú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomhartha cuí ceartúcháin.

Tá próiseas curtha ar bun maidir le rioscaí gnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú, ar próiseas é ina n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá ann do TG4 a shainaithint, lena n-áirítear rangú a dhéanamh i leith na rioscaí suntasacha go léir;
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta agus ar chumas TG4 na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- Faireachán agus tuairiscí a dhéanamh maidir leis an bpróiseas bainistithe rioscaí.

Tá plean teagmhais ag TG4 trína gcinnteofar leanúnachas na seirbhísí riachtanacha go léir i gcás ina dtarlaíonn breisadh ar sholáthar láithreach na seirbhísí sin.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat ina gcuimsítear eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a scaradh óna chéile, agus córas maidir le tarmligeán agus cuntasacht. Go háirithe, áirítear an méid seo a leanas ann:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe ina gcuimsítear buiséad bliantúil, arna athbhreithniú agus arna cheadú ag an mBord;

- Athbhreithnithe rialta ón mBord Stiúrthóirí ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíocht de chineál eile a thomhas;
- Nósanna imeachta maidir le hinfheistíocht chaipitiúil a rialú
- Disciplíní bainistithe tionscadail.

Úsáideann TG4 foinsí allamuigh dá fheidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúcháireachta.

Bíonn tionchar ag torthaí an phróisis bainistithe rioscaí ar an bplean iniúchta inmheánaigh bliantúil agus tá an plean sin ceaptha chun a dhaingniú go leanann na rialuithe inmheánacha a mbítear ag brath orthu de bheith ag oibriú i gcónaí.

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta leis an anailís rioscaí agus leis an bplean iniúchta inmheánaigh agus tagann an Coiste sin le chéile ar bhonn rialta, ach ní níos lú ná ceithre huaire in aghaidh na bliana, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha atá ullmhaithe ag feidhm an Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta go rialta don Bhord maidir leis na nithe atá breithnithe aige.

Maidir le hobair an Iniúcháir Inmheánaigh, is é sin, Coiste Iniúcháireachta an Bhoird féin agus na mbainisteoirí sinsearacha laistigh de TG4 a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, is cabhair í maidir leis an bhfaireachán agus maidir leis an athbhreithniú a dhéanann Bord ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn tionchar ag an obair sin ar an bhfaireachán agus ar an athbhreithniú sin.

Daingníonn go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

20 Aibreán 2015

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Teilifís na Gaeilge

Tá ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 iniúchta agam mar a fhoráiltear faoin Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais, a hullmháíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus ar chailiteanais iomlána aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas faoin sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmháíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 109 den Acht agus de réir chleachtais cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Bord Theilifís na Gaeilge atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom maidir leis an riocht ina bhfuil cúrsaí Theilifís na Gaeilge agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht a n-idirbhearta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachas ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh faoi réir na dtosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmíú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idimáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Cumhdaíonn iniúchadh faisnéis a fháil maidir leis na méideanna agus na nochtaithe sna ráitis airgeadais, ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha cibé calaíocht nó earráid is cúis leis sin. Áirítear ar sin

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do thosca Theilifís na Gaeilge agus gur cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus gur nochtadh iad go leormhaith
- cé chomh réasúnta is a bhí na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Chomh maith leis sin, léim tuarascáil bhliantúil Theilifís na Gaeilge chun aon neamhréireachtaí leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithnim na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a hullmháíodh go cuí de réir chleachtais cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom maidir le riocht ghnóthaí Theilifís na Gaeilge an 31 Nollaig 2014 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag Theilifís na Gaeilge. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a Thuairiscim trí Eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- má bhí aon chás ábhartha ann nár úsáideadh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ar intinn nó nach ndéanadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- nuair nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil Theilifís na Gaeilge de réir na ráiteas airgeadais gaolmhara, nó
- nuair nach léiríonn an ráiteas um rialú airgeadais inmheánach géilliúlacht Theilifís na Gaeilge don Chód Cleachtais um Rialú Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin faoina ndéantar tuairisc le heisceacht.

Seamus Mac Gárthaigh

Seamus Mac Gárthaigh
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
28 Aibreán 2015

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

1. Bunú Theilifís na Gaeilge

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

2. An bonn cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúcháin, faoi nós mhaireacht an chostais stairiúil agus de réir príonsabal cuntasaíochta a nglactar leo i gcoitinne. Glactar caighdeán tuairiscithe airgeadais arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhme.

Déantar na figiúirí atá ann sna ráitis airgeadais a chur i láthair in Euro.

3. Aithint Ioncaim

Ioncam Tráchtála

Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhála. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

4. Caiteachas

Cuimsíonn caiteachas caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil.

Cuimsíonn glan chaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chlár agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála.

Déantar caiteachas ar chlár a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

5. Deontais ón Stát

Déantar glan chaiteachas oibriúcháin TG4 a mhaoiniú ar mhodh deontais a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha.

Aithnítear an deontas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina bhfaightear é.

Déanann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha caiteachas caipitiúil a mhaoiniú ar mhodh deontais caipitiúil. Déantar na deontais sin a amúchadh ar an mbonn céanna ar dá réir a dhéantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

6. Sócmhainní dochta inláimhsithe

Déantar sócmhainní dochta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dhímheas agus aon soláthar i leith lagaithe.

Déantar dhímheas a sholáthar ar gach sócmhainn dhocht inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne díre thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

	%
Foirgnimh	2.5
Trealamh	20
Feistis	10

Déantar costais fhorbartha bogearraí do mhór-chórais a chaipitiú agus a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas gaolmhar trealamh ón dáta feidhmithe.

7. Sócmhainní airgeadais – infheistíocht in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited

Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a hinfheistíochta in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais. Folaíonn Sócmhainní Dochta suim €1 i leith a hinfheistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin. Bunaíodh an chuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam nó aon chostais i leith an chomhfhiontair sin.

8. Cánachas

Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an chlár chomhardaithe i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an chlár chomhardaithe.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais, ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama, agus an

Ráitis Airgeadais

méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an chláir chomhardaithe. Ní lascainítear cáin iarchurtha.

9. Airgeadra coigríche

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Chláir Chomhardaithe agus déantar aon ghnóchain nó aon chaillteanais dá bharr sin a chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

10. Pinsín

Déanann Teilifís na Gaeilge ranníocaíochtaí i leith scéime ranníocaíochta sainmhínithe agus scéime sochair shainmhínithe.

An Scéim Ranníocaíochta Sainithe: Oibríonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe d'fhostaithe áirithe. Déantar íocaíochtaí leis an scéim a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

Scéim Sochair Shainithe: Oibríonn Teilifís na Gaeilge scéim sochair shainithe i leith beirte dá cuid oifigeach, is

iad sin, an tArdstiúrthóir agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach. Maoinítear an scéim trí ranníocaíochtaí ó Theilifís na Gaeilge agus ó na hoifigigh lena mbaineann, agus déantar na ranníocaíochtaí sin a aistriú chuig ciste ar leithligh atá á riaradh ag iontaobhaithe.

Is é atá sa mhuirear pinsín sa chuntas loncaim agus Caiteachais ná an costas reatha seirbhíse móide an difríocht idir an fáltas a bhfuiltear ag súil leis ó shócmhainní na scéime agus costas an úis a ghabhann le dlíteanais na scéime.

Déantar gnóchain agus caillteanais achtúireachta a éiríonn as athruithe ar thóimhdí achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh a bhí ann a shainaithint sa ráiteas ar Ghnóchain agus Chaillteanais Shainaitheanta Iomlána don bhliain inar tharla siad.

Déantar sócmhainní na scéime a thomhas de réir luacha chóir. Déantar dlíteanais na scéime pinsín a thomhas ar bhonn achtúireachta trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Déantar barrachas nó easnamh i leith dhlíteanais na scéime i gcomparáid le sócmhainní na scéime a chur i láthair sa Chlár Comhardaithe mar dhlíteanas nó mar shócmhainn de réir mar a bheidh.


Léiríonn an cúlchiste pinsín an barrachas maoiniúcháin i leith na scéime sochair shainithe.

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge			
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014			
	Nótaí	2014 €'000	2013 €'000
Díolacháin			
Ioncam tráchtála	2	3,399	3,093
Costas Díolacháin	2	(716)	(636)
Glan Díolacháin		2,683	2,457
Caiteachas			
Costas foirne	3	5,470	5,586
Speansais agus costais chomhaltaí an Bhoird	4	121	127
Caiteachas clár	5	24,386	24,190
Costais tarchuir		1,732	1,696
Margaíocht agus taighde	6	1,689	1,589
Forchostais	7	2,067	2,015
Dímheas	9	2,251	2,691
Caiteachas Iomlán		37,716	37,894
Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain		(35,033)	(35,437)
Ús faighte agus ioncam chomhchosúil	8	17	20
Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta		—	—
		(35,016)	(35,417)
Maoiniú Stáit	11	34,972	35,412
Barrachas/(easnamh) ar gnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		(44)	(5)
Cánachas	12	(3)	(6)
Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain		(47)	(11)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach



Pól Ó Gallchoir
Ardstiúrthóir


20 Aibreán 2015

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge Ráiteas ar Ghnóthachain & ar Chaillteanas iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014			
	Notes	2014 €'000	2013 €'000
Easnamh coinnithe don bhliain airgeadais		(47)	(11)
Gnóthachain / (caillteanas) achtúireacht ar shócmhainní na scéime pinsin	19	10	(30)
Caillteanas aitheanta iomlán don bhliain		(37)	(41)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach



Pól Ó Gallchoir
Ardstiúrthóir


20 Aibreán 2015

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge					
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014					
	Notes	€'000	2014 €'000	€'000	2013 €'000
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	9		8,414		9,158
Sócmhainní airgeadais	22		–		–
			8,414		9,158
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe	13	1,623		1,327	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	14	49		50	
		1,672		1,377	
Dlíteanais Reatha					
Creidiúnaithe - méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin	15	(2,065)		(1,791)	
Glan dlíteanais reatha			(393)		(414)
Glan sócmhainní gan sócmhainn pinsin			8,021		8,744
Sócmhainn pinsin	19		42		45
Glan sócmhainní lena n-áirítear sócmhainn pinsin			8,063		8,789
Caipiteal agus Cúlchistí					
Deontais Chaipitil	10		8,215		8,904
Cúlchistí pinsin	16		42		45
Cúlchistí ioncaim	16		(194)		(160)
			8,063		8,789

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach



Pól Ó Gallchoíir
Ardstiúrthóir

20 Aibreán 2015

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge			
Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014			
	Nótaí	2014 €'000	2013 €'000
Gníomhaíochtaí oibríochta	17	(34)	(55)
– glan eis-sreabhadh airgid – (glan ó dheontas stáit)			
Aiscur ar infheistíocht agus ar sheirbhísíú airgeadais			
Ús faighte		10	14
Glan insreabhadh airgid ó aiscur ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísíú airgeadais		10	14
Cánachas			
Muirear cánach don bhliain	12	(3)	(6)
Glan eis-sreabhadh airgid ó chánachas		(3)	(6)
Caiteachas caipitil			
Íocaíocht chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	9	(1,507)	(947)
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní docta		–	–
Deontais chaipitil stáit	10	1,533	920
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó chaiteachas caipitil		26	(27)
Glan eis-sreabhadh airgid	18	(1)	(74)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:


Siún Ní Raghallaigh
 Cathaoirleach


Pól Ó Gallchoir
 Ardstiúrthóir

20 Aibreán 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
1.	Príomhghníomhaíocht Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.		
2.	Glandíolacháin	2014 €'000	2013 €'000
	Ioncam Tráchtála		
	Díolachán am craolta agus urraíocht	1,964	1,782
	Muirear amach saoráidí	581	580
	Ioncam ilghnéitheach	854	731
		3,399	3,093
	Costas Díolacháin		
	Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta	388	357
	Costais dhíreacha	328	279
		716	636
	Glandíolacháin	2,683	2,457
3.	Costais Foirne Ba 83 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2013 = 84). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:	2014 €'000	2013 €'000
	Pá agus tuarastail	4,498	4,438
	Costais leasa shóisialaigh	502	491
	Costais phinsin	531	472
	Taisteal agus cothabháil	105	102
	Oiliúint	39	43
	Costais foirne eile	36	40
		5,711	5,586
	Costais foirne caipitlithe	(241)	–
	Iomlán na gcostas foirne	5,470	5,586
	Faoi Chostais Eile Foirne, sonraítear íocaíocht €24,750 don fhoireann ag eascairt as rialú ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais.		
	Luach Saothair an Ardstiúrthóra		
	Bunthuarastal	175	175
	Ranníoca pinsín an fhostóra	64	64
	Sochair eile	3	3
		242	242

Tháinig deireadh le conradh fostaíochta an Ardstiúrthóra don tréimhse 2010 - 2014 ar an 31 Márta 2014. Tá idirbheartaíocht leanúnach idir an Bord, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus an tArdstiúrthóir maidir lena thionacht.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí		2014 €'000	2013 €'000
4.	Costais an Bhoird		
	Táillí (nóta 20)	110	110
	Taisteal agus cothabháil	11	17
		121	127
5.	Costais chlár		
	Cláir a coimisiúnaíodh	18,846	18,558
	Cláir a ceannaíodh	2,725	2,717
	Costais dubála agus costais eile	2,815	2,915
		24,386	24,190
6.	Margaíocht agus Taighde		
	Fógraíocht agus margaíocht	1,550	1,467
	Tomhais agus taighde ar an lucht féachana	135	117
	Speansais comhairle an lucht féachana	4	5
		1,689	1,589
7.	Forchostais		
	Speansais áitrimh agus trealaimh	672	668
	Speansais ghairmiúla agus airgeadais	308	237
	Tobhach tionscail íoctha	564	572
	Speansais ghinearálta agus oifige	523	538
		2,067	2,015
8.	Ús faighte		
	Ús ar na cuntais bainc (comhlán)	17	20

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí	9.	Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	Talamh & Foirgnimh	Trealamh	Sócmhainní atá á dtógáil*	Fearais agus Feistis	Iomlán
			€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
		Costas					
		Amhail an 1 Eanáir 2014	7,692	20,989	154	646	29,481
		Aistriú	–	154	(154)*	–	–
		Breisithe	25	1,474	–	8	1,507
		Amhail an 31 Nollaig 2014	7,717	22,617	–	654	30,988
		Dímheas Carntha					
		Amhail an 1 Eanáir 2014	2,799	16,937	–	587	20,323
		Muirear don bhliain	192	2,044	–	15	2,251
		Amhail an 31 Nollaig 2014	2,991	18,981	–	602	22,574
		Glanluach Leabhair					
		Amhail an 31 Nollaig 2014	4,726	3,636	–	52	8,414
		Amhail an 31 Nollaig 2013	4,893	4,052	154	59	9,158
		*Baineann na Sócmhainní atá á dtógáil leis an Togra Eatramhach Ardghléine ar dearnadh coimisiúnú iomlán air le linn na bliana.					
		Sócmhainní Seasta Inláimhsithe faoi Léas Airgeadais San áireamh i Sócmhainní Seasta Inláimhsithe tá sócmhainní a shealbhaítear faoi Léas Airgeadais mar seo a leanas::					
			2014		2013		
			Glanluach Leabhair	Muirear Dímheasa	Glanluach Leabhair	Muirear Dímheasa	
			€'000	€'000	€'000	€'000	
		Trealamh	–	–	–	4	
	10.	Deontais Chaipitil			2014	2013	
					€'000	€'000	
		Deontais Chaipitil faighte agus infhaighte					
		larmhéid tosaigh			18,113	17,193	
		Deontais faighte le linn na bliana (Nóta 11)			1,533	920	
		larmhéid deiridh			19,646	18,113	
		Amúchadh					
		larmhéid tosaigh			9,209	6,547	
		Amúchta le linn na bliana			2,222	2,662	
		larmhéid deiridh			11,431	9,209	
		Glanluach leabhair – deontais chaipitile			8,215	8,904	
		Is ionann deontais chaipitil agus maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchta deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.					

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
11.	Maoiniú Stáit		
	Is ionann deontais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus maoiniú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.		
	Maoiniú Stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain	2014 €'000	2013 €'000
	Deontais faighte sa bhliain	32,750	32,750
	Deontais caipitil amúchta (Nóta 10)	2,222	2,662
		34,972	35,412
	Ba €34.28m an leithroinnt ar fad do 2014, comhdhéanta as:		
	Deontais faighte do chaiteachas reatha (Vóta 29 - Fotheideal B5)	32,750	32,750
	Deontais a fheidhmítear do chríocha caipitil (Vóta 29 - Fotheideal B5)	1,533	920
	lomlán faighte	34,283	33,670
12.	Cáin ar Bhrabús ó Gnáthghníomhaíochtaí	2014 €'000	2013 €'000
(a)	<i>Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain</i>		
	Muirear cháin chorpáraíde don bhliain	3	6
	Muirear ar bhlianta siar	–	–
		3	6
(b)	<i>Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana</i>		
	Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorpáraídeach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:		
		2014 €'000	2013 €'000
	Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(44)	(5)
	Brabús / (Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta caighdeánach cháin chorpáraíde na hÉireann de 12.5% (2013:12.5%).	(6)	(1)
	<i>Éifeachtaí:</i>		
	Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde	10	10
	Barrachas na ndeontas caipitil a amúchta agus liúntas chaipitiúla thar dímheas	(1)	(1)
	Caiteachas neamhasbhainte	–	(2)
		3	6

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí				
13.	Féichiúnaithe		2014 €'000	2013 €'000
	Féichiúnaithe trádála		1,146	951
	CBL inaisíochta		292	76
	Cáin corparáideach inaisíochta		4	2
	Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe		181	298
			1,623	1,327
	Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin.			
14.	Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		2014 €'000	2013 €'000
	Airgead tirim ar láimh		2	2
	Cuntais bhainc		47	48
			49	50
15.	Creidiúnaithe – dlíte laistigh de bhliain amháin		2014 €'000	2013 €'000
	Creidiúnaithe trádála		649	303
	Fabhruithe agus ioncam iarchurtha		1,346	1,420
	Creidiúnaí ranníoca pinsin		70	68
			2,065	1,791
16.	Cúlchistí ioncaim	Cúlchiste Pinsin €'000	Cúlchiste Ioncam €'000	Iomlán €'000
	Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014	45	(160)	(115)
	Easnamh coinnithe don bhliain	–	(47)	(47)
	Barrachas achtúireachta	10	–	10
	Coigeartú cúlchiste pinsin	(13)	13	–
	Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2014	42	(194)	(152)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí 17.	Réiteach barrachais / (easnamh) don bhliain chuig glan sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		2014 €'000	2013 €'000
	Barrachas / (easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cánach		(44)	(5)
	Gníomhaíochtaí neamhoibriúcháin			
	Ús faighte (glan)		(10)	(14)
	Barrachas/(easnamh) ó dhíolachán sócmhainní dochta		–	–
	Míreanna nach airgead iad			
	Dímhéas		2,251	2,691
	Deontais chaipitil a amúchadh		(2,222)	(2,662)
	Coigeartú sócmhainne pinsin		13	4
	(Ardú)/laghdú i bhféichiúnaithe		(296)	272
(Laghdú)/ardú i gcreidiúnaithe		274	(341)	
Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(34)	(55)	
18.	Anailís ar Athruithe i nGlanchistí	larmhéid tosaigh €'000	Sreabhadh airgid €'000	larmhéid deiridh €'000
	Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	2	–	2
	Taiscí ghearrthéarmacha	48	(1)	47
		50	(1)	49
19.	Pinsean			
	a) Tuairisc ar an scéim			
	Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim shochair shainithe agus scéim ranníocaíochtaí sainithe dá cuid fostaithe. Maoínítear na scéimeanna agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge			
		2014 €'000	2013 €'000	
	Tabhaíodh na costais phinsean seo a leanas le linn na bliana:			
	Scéim ranníoca shainithe	413	363	
	Costas na scéime shochair shainithe (Nóta 19 (g))	118	109	
		531	472	
	Déantar ranníocaíochta chuig an scéim shochair shainithe ag rátaí a mholann achtúirí cáilithe neamhspleácha.			
	An luacháil achtúireach iomlán is déanaí a hullmhaíodh amhail an 31 Nollaig 2014. Rinneadh na ríomha dlíteanas agus costais trí úsáid a bhaint as sonraí ballraíochta a chuir riarthóirí na scéime ar fáil ag an dáta éifeachtach. Tá measúnú déanta ar na dlíteanais agus na costais trí úsáid aonaid theilgthe.			

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
19.	Pinsean (ar lean)		
b)	Bonn Tuisceana Airgeadais		
	Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha amhail an 31 Nollaig 2014 a úsáidtear chun críocha FRS 17:		
		2014	2013
		%	%
	Ráta lascaíne	1.80%	3.40%
	Méadú ar innéascú praghasanna tomhaltais	2.25%	2.50%
	Méadú ar thuillimh inphinsin	3.75%	4.00%
	Méadú ar íocaíocht phinsin	3.75%	4.00%
	Bannaí	1.70%	3.30%
	Eile	0.00%	0.00%
	Toradh ionchas foriomlán	1.55%	2.55%
	Díoradh aiscur ionchais foriomlán ar shócmhainní na scéime mar mheánchostas ualaithe na n-aiscur ionchais ar na catagóirí sócmhainní arna sealbhú ag an scéim ar dháta oscailte an chláir chomhardaithe.		
c)	Bonn Tuisceana Déimeagrafacha		
	Cuirtear san áireamh sa mbonn mortlaíochta atá in úsáid anseo na feabhais in ionchais saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag an scor ar an mbliain ag ar bhain comhalta amach an aois scoir (aois 60 bliain). Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroichfeadh aois 60 bliain i 2014 agus 2013.		
		2014	2013
	Ionchas saoil – fireann	86.6	86.4
	Ionchas saoil – baineann	88.3	88.3
d)	Athrú ar dhualgais sochair	2014	2013
		€'000	€'000
	Luach reatha dualgas na scéime ag tús na bliana	783	619
	Costas seirbhíse reatha	131	122
	Costas úis	29	25
	Caillteanas achtúireacht	187	17
	Luach reatha dualgas na scéime ag deireadh na bliana	1,130	783
e)	Athrú ar shócmhainní scéime	2014	2013
		€'000	€'000
	Luach cóir ar shócmhainní scéime ag tús na bliana	828	698
	Aiscur ionchais ar shócmhainní scéime	23	19
	Gnóthachán/(caillteanas) achtúireacht	197	(13)
	Ranníocaíochtaí fostóra	105	105
	Ranníocaíochtaí comhaltaí	19	19
	Luach cóir ar shócmhainní scéime ag deireadh na bliana	1,172	828

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
19.	Pinsean (ar lean)		
f)	Méideanna aitheanta sa chlár comhardaithe	2014 €'000	2013 €'000
	Luach reatha dualgais maoinithe	(1,130)	(783)
	Luach cóir ar shócmhainní scéime	1,172	828
	Glan-sócmhainn	42	45
g)	Costais phinsin	2014 €'000	2013 €'000
	Costas seirbhíse reatha	131	122
	Costas úis	29	25
	Aischur ionchais ar shócmhainní scéime	(23)	(19)
	Ranníocaíochtaí comhaltaí	(19)	(19)
	Iomlán	118	109
h)	Ba é an ghlan-ghnóthachain achtúirigh a aithníodh sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta iomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 agus €10,000 (2013:€30,000 caillteanas).		
i)	Stair dhualgais shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais	2014 €'000	2013 €'000
	<i>Dífríocht idir aischur ionchais fíor ar sócmhainne na scéime;</i>		
	Méid	198	(13)
	Céatadán ar dhliteanais na scéime	(16.7%)	(1.6%)
	<i>Gnóthachain/caillteanas aitheanta ar dliteanais na scéime;</i>		
	Méid	42	24
	Céatadán ar dhliteanais na scéime	(3.5%)	3.1%
j)	Ranníocaíochtaí		
	Tá súil ag an mBord €105,000 a ranníoc lena scéim i 2015.		
k)	Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní scéim phinsin	2014 €'000	2013 €'000
	Sochar lúide brabach ionchais iarbhir ar shócmhainní scéim phinsin	197	(13)
	Gnóthachain agus caillteanais ó na dliteanais	42	24
	Athraithe ar an mbonn tuisceana ar luacháil reatha dliteanas	(229)	(41)
	Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní scéim phinsin	10	(30)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí 20.

Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

	2014 €'000	2013 €'000
Stiúrthóir/Rúnaí		
Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)	–	–
Seosamh Ó Conghaile	12.6	12.6
Rónán Ó Coisdealbha	12.6	12.6
Concubhar Ó Liatháin	12.6	12.6
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	21.6	21.6
Andréa Ní Éalaithe	12.6	12.6
Des Geraghty	12.6	12.6
Mairéad Ní Cheoinín	12.6	12.6
Micheál Seoighe	12.6	12.6
Mairéad Nic Suibhne	–	–
Michelle Ní Chróinín	–	–
Pádraic Ó Ciardha (Rúnaí an Bhoird)	–	–
Mary Uí Chadhain (Rúnaí)	–	–
	109.8	109.8

Costais €11,000 a bhain le baill an Bhoird i 2014, (2013:€17,000) le haghaidh: taisteal intíre €7,000 (2013:€8,000), cothbháil €2,000 (2013:€2,000) agus costais eile (rúnaíocht, siamsaíocht agus traenáil san áireamh) €2,000 (2013: €7,000). Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

21. Áitreamh

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitreamh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe. Tá úinéaracht ag Teilifís na Gaeilgear rúileas an áitreamh i mBaile na hAbhann agus tá an oifig i mBaile Átha Cliath ar chíos faoi cheadúnas ar feadh téarma trí bliana a thosaigh ar an 24 Samhain 2013 ag muirear bliantúil cíosa de €23.5k.

22. Sócmhainní Airgeadais

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSNI) a bhunaigh TG4 agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfhiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le TG4, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá ceann in úinéireacht RTE agus ceann in úinéireacht TG4. Rinne MBSNI comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh go seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSNI. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí 23.	Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas:	2014 €'000	2013 €'000
	Conraithe ach ní raibh soláthar déanta i leith amhail deireadh na bliana	25,203	9,019
24.	Tiomantais Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas:	2014 €'000	2013 €'000
	Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith amhail deireadh na bliana.	167	196
25.	Idirbheartaíocht RTÉ Fuair Teilifís na Gaeilge 365 uair (2013:365) de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.		
26.	Neamhchosaint Airgeadra Coigríche Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo i 2014 ná \$0 (2013:\$0). Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2013: \$0).		
27.	Ceadú na Ráiteas Airgeadais Cheadaigh an Bord stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 20 Aibreán 2015.		

